*4.—The Government of the Irish Free State hereby agrees to promote legislation increasing by Ten per cent. the measure of compensation under the Damage to

* See Damage to Property (Compensation) (Amendment) Act, 1926 (No. 19 of 1926).

TREATY (CONFIRMATION OF AMENDING 85
AGREEMENT) ACT, 1925.

Property (Compensation) Act, 1923, in respect of malicious damage to property done in the area now under the jurisdiction of the Parliament and Government of the Irish Free State between the Eleventh day of July, Nineteen hundred and twenty-one and the Twelfth day of May, Nineteen hundred and twenty-three, and providing for the payment of such additional compensation by the issue of Five per cent. Compensation Stock or Bonds.

5.—The powers in relation to Northern Ireland which by the Government of Ireland Act, 1920, are made powers of the Council of Ireland shall be and are hereby transferred to and shall become powers of the Parliament and the Government of Northern Ireland ; and the Governments of the Irish Free State and of Northern Ireland shall meet together as and when necessary for the purpose of considering matters of common interest arising out of or connected with the exercise and administration of the said powers.

6.—This Agreement is subject to confirmation by the British Parliament and by the Oireachtas of the Irish Free State, and the Act of the British Parliament confirming this Agreement shall fix the date as from which the transfer of the powers of the Council of Ireland under this Agreement is to take effect.

Dated this 3rd day of December, 1925.

Signed on behalf of the British Government :

STANLEY BALDWIN.
WINSTON S. CHURCHILL.
W. JOYNSON-HICKS.
BIRKENHEAD.
L. S. AMERY.

86 TREATY (CONFIRMATION OF AMENDING
AGREEMENT) ACT, 1925.

Signed on behalf of the Government of the Irish
Free State :

LIAM T. MAC COSGAIR,
KEVIN O'HIGGINS,
EARNÁN DE BLAGHD.

Signed on behalf of the Government of Northern
Ireland :

JAMES CRAIG.
CHARLES H. BLACKMORE,
Secretary to the Cabinet of
Northern Ireland.

e Irish

Northen

binet of

d.

SAORSTÁT ÉIREANN

AGHT UM BUNREACHT
SHAORSTÁT ÉIREANN, 1922.

Houses of the Oireachtas

AN t-ÉIREANN

A THREASURÉAR AGUS AN t-ÉIREANN

THE TREATY CONFIRMATION (AMENDING
AGREEMENT) ACT, 1985

Enacted by the Houses of the Oireachtas as follows:

Seanad Éireann

1985

1985

Enacted by the Houses of the Oireachtas as follows:

Seanad Éireann

1985

1985

Houses of the Oireachtas

SAORSTÁT EIREANN.

ACHT UM BUNREACHT
SHAORSTÁIT EIREANN, 1922.

MAILLE LEIS

AN mBUNREACHT

MAR A LEASÚTEAR SAN LE hACHTACHÁIN INA
DHIAIDH SIN.

BAORSTAT EIREANN.

AN t-UM BUNREACHT
SHAORSTAT EIREANN, 1922.

Houses of the Oireachtas

AN t-UM BUNREACHT

MAIR A' LEASRUINAR NAH LE BAORSTAT EIREANN
DUBLIN 1922.

ACHT UM BUNREACTH SHAORSTÁIT EIREANN, 1922.

Acht chun Bunreacht do Shaorstát Eireann d'achtú agus chun an Connradh idir an Bhreatain Mhóir agus Eire do sionnódh i Lundain ar an 6adh lá de Mhí na Nodlag, 1921, do thabhairt chun críche.

Dáil Eireann 'na suidhe mar Dháil Bhunaidh sa Pháirlimint Shealadach so, á admháil gur ó Dhia a thagann gach údarás dleathach chun na ndaoine agus muinghin aici gur mar seo a tabharfar thar n-ais beatha agus aontacht Náisiúnta na hEireann, fógrann sí leis seo bunú Shaorstáit Eireann agus de bharr lán-chirt gan dearmad dineann sí a reachtú agus a achtú mar leanas:—

1. Is é an Bunreacht atá leagtha amach sa Chéad Sgeideal a ghabhann leis seo a bheidh mar Bhunreacht do Shaorstát Eireann.

2. *Scríosta.*

3. Chun gach críche féadfar an t-Acht um Bunreacht Shaorstáit Eireann, 1922, do ghairm den Acht so.

CÉAD SGEIDEAL.

BUNREACHT SHAORSTAIT
EIREANN.**Airtíogal 1.**

Ball có-ionann iseadh Saorstát Eireann den Chuideachta Náisiún a dhineann suas an Có-chiníochas Briotáineach.

Airtíogal 2.

Tagann gach combacht rialtais agus gach údarás reachtúcháin, feidhmiúcháin agus breithiúntais in Eirinn ó mhuintir na hEireann agus feidhmeofar iad i Saorstát Eireann trí sna có-ghléasanna a bunófar do réir an Bhunreachta so no fé no leis.

Airtíogal 2A.

CUID I.

ROIMHRAITEACH AGUS GENERALTA.

Oibriú Coda II go
V den Airtíogal
so.

1.—(1) Ní bheidh feidhm ná éifeacht ar bith ag Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so mara ndéinidh ná go dtí go ndéanfaidh an Ard-Chomhairle Ordú fén alt so á dhearbhu go dtiocfaidh Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so i bhfeidhm, ach má dheineann agus pé uair agus chó minic agus a dhéanfaidh an Ard-Chomhairle an t-ordú san tiocfaidh Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so i lán-feidhm agus i lán-éifeacht agus beidh lán-feidhm agus lán-éifeacht acu díreach ar an ordú san do dhéanamh agus leanfaid i bhfeidhm agus in éifeacht amhlaidh go dtí go ndéanfaidh an Ard-Chomhairle ordú fén alt so á dhearbhu go scuirfidh na Coda san den Airtíogal so de bheith i bhfeidhm agus leis sin scuirfidh na Coda san den Airtíogal so de bheith i bhfeidhm ach beidh san gan dochar do dhleathacht éinní do rinneadh fútha roimhe sin.

(2) Pé uair is dóich leis an Ard-Chomhairle rudaí do bheith ann go bhfuil sé oiriúnach dá ndruim Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so do chur i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chomhairle a dhearbhu le hordú go dtiocfaidh Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so i bhfeidhm.

(3) Pé uair agus chó minic agus a bheidh Coda II, III, IV, agus V den Airtíogal so i bhfeidhm agus is dóich leis an Ard-Chomhairle ná fuil ann a thuilleadh rudaí go mbeadh sé oiriúnach dá ndruim na Coda san den Airtíogal so do bheith i bhfeidhm, féadfaidh an Ard-Chomhairle a dhearbhu le hordú go scuirfidh Coda II, III, IV, agus V de bheith bhfeidhm.

2.—Is fé réir forálacha an Airtíogail seo a léighfear agus a léireofar Airtíogal 3 agus gach Airtíogal ina dhiaidh sin den Bhunreacht so agus má bhíonn aon bhuinisciontacht idir an tAirtíogal so agus an tAirtíogal san 3 no aon Airtíogal ina dhiaidh sin, isé an tAirtíogal so bhuadhfaidh.

An tAirtíogal so do léiriú i dtéanta Airtíogal eile.

3.—(1) San Airtíogal so—

foluionn an focal “ comhlachas ” aon chomhluadar daoine pe’ca tugtar aon ainm fé leith don chomhluadar san no ná tugtar ;

Mínte agus léiriú.

foluionn an abairt “ scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha ” aon scríbhinní mar gheall ar chomhlachas neadhleathach no a bhaineann leis no a tugadh amach no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tugtha amach ag comhlachas neadhleathach no a tháinig no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tagtha o chomhlachas neadhleathach; foluionn an focal “ cionta ” coir ;

cialluionn an focal “ tréimhseachán ” aon pháipeur nuachta, meagisín, irisleabhar no foillseachán eile foillsítear no a tugtar amach o am go ham go rialálta no nách mór go rialálta.

(2) Baineann an tAcht Léiriúcháin, 1923 (Uimh. 46 de 1923), le léiriú an Airtíogail seo fé mar a bhaineann sé le léiriú Achta do rith an tOireachtas tar éis an Iadh lae d’Eanáir, 1924.

CUID II.

AN BINSE BUNREACHTA (COMHCHTA SPEISEALTA.

An Bínse
Bunreacht
(Comhachta
Speisialta) do
bhunú.

4.—(1) Chó luath agus is féidir é tar éis gach ócáide ar a dtiocfaidh an t-alt so den Airtíogal so i bhfeidhm, bunófar bínse (dá ngairmtear an Bínse san Airtíogal so) ar a dtabharfar mar ainm agus mar theideal an Bínse Bunreacht (Comhachta Speisialta).

(2) Beidh an Bínse có-dhéanta de chúigear ball agus iad uile ina n-oifigh d'Fhórsaí Cosanta Shaorstáit Eireann nách isle céim ná ceannphort agus ceapfaidh an Ard-Chomhairle iad agus féadfaid iad do chur as oifig uair ar bith.

(3) Féadfaidh an tAire Airgid pé clárathóir, cléirigh, agus seirbhísigh is dóich leis is ceart do cheapadh chun crícheanna an Bhínse agus féadfar pé luach saothair agus liúntaisí chinnfidh an tAire Airgid d'foc leis an gclárathóir, leis na cléirigh agus leis na seirbhísigh sin agus le baill an Bhínse.

Nós imeachta an
Bhínse.

5.—(1) Beidh triúr ball den Bhínse, agus ní bheidh a thuilleadh, i láthair ag gach suidhe bheidh ag an mBínse agus isiad san a bheidh mar Bhínse chun crícheanna an tsuidhe sin agus gach ordú agus gníomh a dhéanfaidh an triúr ball san no móráireamh díobh ag an suidhe sin isé ordú no gníomh (pe'ca aca é) an Bhínse é chun gach críche.

(2) Beidh an chomhacht iomlán ag an mBínse féin am agus áiteanna a suidheanna do cheapadh agus an smacht iomlán acu féin ar a nós imeachta féin ar gach slí agus go sonnrách maidir leis an bpobal de leigint isteach chun a suidheanna no do choimeád amach uatha, le n-a chur fhiachaint ar fhínnithe teacht i láthair agus le scríbhinní do thabhairt i láthair.

(3) Beith an chomhacht iomlán ag an mBínse féin pionós do chur, i pé slí is oiriúnach leis an mBínse, ar gach duine do gheobhaidh an Bínse ciontach sa Bhínse no in aon bhall de do dhísbeagadh pe'ca i láthair an Bhínse déanfar an dísbeagadh san no nách eadh.

(4) Beídh ag an mBínse séala oifigiúil ar a dtabharfar áird i gcúrsaí oifigiúla agus i gcúrsaí breithiúntais agus gach scríbhinn a bheidh séaluithe leis an séala san agus a bhéarfaidh le tuisgint bheith ina hordú no ina gníomh eile do rinne an Bínse glacfar í i bhfianaise i ngach Cúirt gan a thuilleadh cruthúnais agus tuigfear gur ordú no gníomh eile í (pe'ca aca é) do rinne an Bínse go ndlighinse inniúil.

(5) Féadfaidh an Bínse gníonhú d'ainneoin folúntais no dhá fholúntas (ach gan níos mó ná dhá cheann) do bheith ina mballraíocht.

6.—(1) Beidh dlighinse ag an mBínse gach duine go gcuirfear ina leith cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so agus do bhéarfar os cóir an Bhínse féin Airtíogal so do thriail agus do chiontú no do shaoradh, agus fós dlighinse daor-bhreith do thabhairt ar gach duine chiontóidh an Bínse in aon chionta den tsórt san.

Dlighinse an
Bhínse.

(2) Beidh comhacht ag an mBínse fínnithe do chur fé mhionn.

(3) Beidh dlighinse ag an mBínse a ordú go gcoinneofar éinne do bhéarfar os cóir an Bhínse agus 'na gcuirfear in a leith cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so, agus fós é do choinneáil i gcoimeád, go dtí go dtrialfaidh an Bínse é agus le linn agus tar éis na trialach san go dtí n-a chiontú no a shaoradh.

(4) Beidh dlighinse ag an mBínse, in ionad no i dteanta aon phionóis do chur ar dhuine chiontóid i gcionta, a cheangal ar an duine sin dul fé bhannaí i láthair Breithimh den Chúirt Dúithche, i pé suim ordóidh an Bínse agus i dteanta no d'éamais urraithe fé mar ordóidh an Bínse, go gcoimeádfaidh an tsíocháin go ceann pé tréimhse luadh-faidh an Bínse.

(5) Ní luighfidh athchomharc ar bith i gcoinnibh aon orduithe, ciontuithé, daor-bhreithe ná gnímh eile dhéan-faidh no bhéarfaidh an Bínse agus ní chuirfidh cúirt ar

bith srian leis an mBínse ná ní chuirfidh isteach ortha agus iad ag feidhmiú a ndlighthinse no a gcomhacht fén Airtiogal so ná ní déanfar aon imeachta bheidh ar siúl os cóir an Bhínse d'aistriú chun cúirte ar bith le certiorari.

Daor-bhreacha
ón mBínse.

7.—(1) Pé uair do gheobhaidh an Bínse duine ar bith ciontach i gcionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtiogal so féadfaidh an Bínse, in ionad an phionóis a foráitar le dlí (lasmuich den Airtiogal so) don chionta san, an duine sin do dhaoradh chun aon pionóis is mó ná san (agus pionós an bháis d'áireamh) más dóich leis an mBínse é bheith riachtanach no oiriúnach an pionós san atá níos mó do chur air.

(2) Fé réir na bhforálacha den Airtiogal so bhaineann le daoine dhaorfaidh an Bínse chun príosúntachta do chur i bpríosún, féadfaidh an Bínse a chinneadh conus a cuirfear agus cé hiad na húdaráis a chuirfidh i bhfeidhm aon ordú dhéanfaidh no aon daor-bhreith do bhéarfaidh an Bínse agus leis sin cuirfidh na húdaráis sin an t-ordú no an daor-bhreith sin i bhfeidhm do réir an chinnte sin.

(3) Má orduíonn an Bínse do sna húdaráis sibhialta ordú do rinne no daor-bhreith do thug an Bínse do chur i bhfeidhm, cuirfear an t-ordú no an daor-bhreith sin i bhfeidhm ag na húdaráis agus ag na hoifigigh shibhialta ar a mbíonn sé ceangailte agus sa tslí chéanna 'na mbíonn sé ceangailte ortha do réir dlí ordú no daor-bhreith den tsórt chéanna ón bPríomh-Chúirt Choiriúil do chur i bhfeidhm.

(4) Fé réir forálacha an Airtiogail seo, leanfaidh na nithe céanna fén dlí as gach ordú, ciontú, agus daor-bhreith ón mBínse, is do leanfadh as ordú, ciontú, no daor-bhreith den tsórt chéanna ón bPríomh-Chúirt Choiriúil agus go sonnrách bhéarfaidh gach ordú agus daor-bhreith ón mBínse do lucht a gcurtha i bhfeidhm an chosaint agus an tsaoirse chéanna do bheadh ag na húdaráis agus ag na hoifigigh shibhialta agus ordú no daor-bhreith ón bPríomh-Chúirt Choiriúil acu á chur i bhfeidhm.

(5) Ní cuirfear aon choiste coróineura ar bhás a thiocfaidh as breith bháis do thug an Bínse do chur i bhfeidhm.

8.—(1) Ní luighfidh aon aicsean, cúiseamh, ná imeacht eile, sibhialta ná coiriúil, i gcoinnibh aon bhaill den Bhínse maidir le haon ordú ná ciontú do rinne an Bínse ná maidir le haon daor-bhreith do thugadar ná le héinní eile do rinneadar, ná maidir le héinní do rinne an ball san agus é ag cólónadh a dhualgas no ag feidhmiú a chomhacht mar bhall den Bhínse no ar aon tslí eile mar bhall den Bhínse, pe'ca ba ghá no nár ghá an ní sin chun na ndualgas san do chólonadh no chun na gcomhacht san d'fheidhmiú.

(2) Ní luighfidh aon aicsean ná imeacht eile i dtaobh baint o chlú dhuine i gcoinnibh duine ar bith maidir le héinní do scríobh no adubhairt agus é ag tabhairt fianaise uaidh, i scríbhinn no de bhréithre béil, os cóir an Bhínse no le húsáid in imeachta os cóir an Bhínse.

(3) Ní luighfidh aon aicsean, cúiseamh, ná imeacht eile, sibhialta ná coiriúil, i gcoinnibh aon chláráthóra, cléirigh ná seirbhísigh don Bhínse maidir le héinní do rinne agus é ag cólónadh a dhualgas mar chláráthóir, cléireach, no seirbhíseach den tsórt san, pe'ca ba ghá no nár ghá an ní sin chun na ndualgas san do chólonadh.

9.—Gach éinne, agus é ag tabhairt fianaise uaidh fé mhionn no tré dhearbhu, i scríbhinn no de bhréithre béil, os cóir an Bhínse no le húsáid in imeachta os cóir an Bhínse, a dhéanfaidh ráiteas ar bith is eol do bheith bréagach no ná creideann sé bheith fíor do thabhairt uaidh, de bhréithre béil no i scríbhinn, mar chuid den fhianaise sin beidh sé ciontach i gcointa is intrialta ag an mBínse agus ar a ciontú ann dlighfear pé pionós do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

Mionn éithigh o fhínnithe os cóir an Bhínse.

10.—(1) San alt so cialluíonn an focal “príosúnach” duine—

(a) a coinneofar i gcoimeád fén Airtíogal so go dtí go dtabharfar os cóir an Bhínse é, no

(b) a coinneofar i gcoimeád le hordú ón mBínse, pe'ca roimh a thriail ag an mBínse é no le n-a linn no ina diaidh, no

Na háiteanna agus an tslí ina gcoinneofar daoine agus ina gcuirfear i bpríosún iad fén Airtíogal so.

(c) a bheidh i bpríosún do réir daor-bhreithe príosúnachta do thug an Bínse air.

(2) Féadfaidh an tAire Cosanta rialacháin do dhéanamh chun gach críche no aon chríche acu so leanas, sé sin le rá :—

(a) á ordú cadriad na príosúin, na campaí braighdeanais agus na háiteanna eile ina bhféadfar príosúnaigh do choinneáil no do choimeád i bpríosún ;

(b) ag socrú chun na bpríosún, na gcampaí, agus na n-áiteanna eile sin do bhainistí, do choimeád sláintiúil, do rialú agus do ghárdadh go héifeachtúil ;

(c) ag socrú chun smachta do chur i bhfeidhm agus do choimeád imeasc príosúnach ;

(d) ag socrú chun aireachais liaghachta, mháinliaghachta, agus bhanaltrais do thabhairt do phríosúnaigh ;

(e) ag socrú chun príosúnach a bheidh ag feitheamh le n-a dtríail no ná beidh a dtríail críochnuithe do dheighilt amach o phríosúnaigh do trialadh, do ciontuíodh, agus do daoradh ;

(f) ag socrú chun príosúnach do chose ar éalódh agus á údarú go ndéanfaí, maidir le príosúnach do bheadh ad' iarraidh éaluithe no le héinne do bheadh ag cabhrú le príosúnach san iarracht san, ní ar bith is gá chun é do chose ar éalódh ;

(g) ag socrú chun príosúnach éalóidh d'ath-ghabháil agus á údarú go ndéanfaí gach cuardach agus fiosrú is gá chun iad d'ath-ghabháil ;

(h) ag ordú no ag socrú i dtaobh éinní no aon ruda eile bhaineann le príosúnaigh do choinneáil no do choimeád i bpríosún go héifeachtúil.

(3) D'ainneoin éinní atá in Acht ar bith coinneofar gach príosúnach no coimeádfar i bpríosún é (pe'ca aca é) fé sna rialacháin agus do réir na rialachán a dhéanfaidh an tAire Cosanta fén alt so agus a bheidh i bhfeidhm de thurus na huaire.

(4) Gach duine chabhróidh no neartóidh le príosúnach chun éaluithe as áit choinneála no phríosúntachta a hordófar le rialacháin a déanfar fén alt so beidh sé ciontach i gcionta is intrialta ag an mBínse agus ar a chiontú ann dlighfear pé pionós do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

11.—(1) Pé uair a déanfar duine go mbeidh cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtioagal so curtha ina leith do chur ar aghaidh (pe'ca roimh an Airtioagal so do chur isteach sa Bhunreacht so é no dá éis sin no roimh an alt so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin) chun go dtrialfadh an Phríomh-Chúirt Choiriúil no an Chúirt Chuarda sa chúis sin é agus a bheidh sé ag feith-eamh go dtrialfaidh an Chuir sin sa chúis sin é, féadfaidh an Bínse, ar a iarraidh sin do bhall den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire, a ordú go n-aistreofaí triail an duine sin sa chúis sin chun an Bhínse agus leis sin tuigfear an duine sin do bheith curtha ar aghaidh chun go dtrialfaidh an Bínse sa chúis sin é pé uair agus i pé áit ordóidh an Bínse.

(2) Pé uair a dhéanfaidh Breitheamh den Chúirt Dúithche no Feadhmannach Síochána duine ar bith go mbeidh cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtioagal so curtha ina leith do chur siar i gcoimeád no fé bhannaí (pe'ca roimh an Airtioagal so do chur isteach sa Bhunreacht so é no dá éis sin no roimh an alt so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin) féadfaidh an Bínse, ar a iarraidh sin do bhall den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire, a ordú go n-aistreofaí triail an duine sin sa chúis sin chun an Bhínse agus leis sin tuigfear an duine sin do bheith curtha ar aghaidh chun go dtrialfaidh an Bínse sa chúis sin é pé uair agus i pé áit ordóidh an Bínse.

(3) Pé uair ordóidh an Bínse fén alt so triail duine d'aistriú chun an Bhínse beidh éifeacht ag na forálacha so leanas, sé sin le rá :—

(a) bhéarfar an duine sin os cóir an Bhínse chun a thrialta pé uair agus i pé áit ordóidh an Bínse ;

Trialacha
d'aistriú chun ar
Bhínse.

(b) má bhíonn an duine sin i gcoimeád nuair a déanfar an t-ordú san, féadfar é choinneáil i gcoimeád go dtí go dtabharfar os cóir an Bhínse chun a thrialta é ;

(c) má bhíonn an duine sin saor fé bhannaí nuair a déanfar an t-ordú san, beidh sé de cheangal air é féin do thabhairt suas i gcoimeád ag stáisiún éigin leis an nGárda Síochána laistigh de dhá uair déag is trí fichid 'a chluig tar éis do bhall den Ghárda Síochána fógra i scríbhinn i dtaobh an orduithe sin do thabhairt do féin no dá urra no do dhuine dá urraithe ;

(d) má dheineann duine go mbeidh san de cheangal air féin mír sin roimhe seo den fho-alt so é féin do thabhairt suas i gcoimeád, féadfar é choinneáil i gcoimeád go dtí go dtabharfar os cóir an Bhínse chun a thrialta é agus mara dtugaidh suas é féin amhlaidh laistigh den am a ceaptar leis an mír sin féadfaidh ball ar bith den Ghárda Síochána é ghabháil gan barántas agus féadfar é choinneáil i gcoimeád go dtí go dtabharfar os cóir an Bhínse chun a thrialta é.

Comhacht don
Ard-Chomhairle
maithiúnas do
thabhairt uatla,
pionós do,
mhaithreamh, etc.

12.—(1) Féadfaidh an Ard-Chomhairle, más rogha leo féin é, saor-mhaithiúnas do thabhairt uair ar bith d'éinne bheidh ciontuithe i gcionta ar bith ag an mBínse agus an pionós do chuir an Bínse ar an duine sin do mhaithreamh ar fad.

(2) Féadfaidh an Ard-Chomhairle aon uair, más rogha leo féin é, pionós ar bith do ghearr an Bínse do mhaithreamh i bpáirt no go hiomlán no d'atharú (tré n-a mhaolú amháin) no do chur ar athló (ar choinnfoll no gan coinnfoll).

CUID III.

COMHACHTA SPEISIALTA DO SNA POILINI.

13.—(1) Pé uair do bhéarfaidh ball ar bith den Ghárda Síochána no d'Fhórsaí Cosanta Shaorstáit Eireann fé ndeara duine 'na mbeidh sé in amhrus é bheith tar éis no chun cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do dhéanamh no baint do bheith aige ansan no roimhe sin le n-a dhéanamh no a fhios do bheith aige aon chionta den tsórt san do bheith déanta no le déanamh, féadfaidh an ball san (ach más ball nea-choimisiúnta de sna Fórsaí Cosanta san é ní fhéadfaidh ach i gcás údarás (generálta no speisialta) do bheith aige ón Aire Cosanta na comhachta bronntar leis an alt so d'fheidhmiú) an duine sin do stop agus é do chuardach agus do cheistniú agus féadfaidh láithreach baill an duine sin do ghabháil gan barántas agus féadfaidh pé neart is gá do chur i bhfeidhm chun an stop, an cuardach, agus an ghabháil sin no aon ghníomh acu do dhéanamh.

Comhacht chum duine do ghabháil ar amhrus i gcásanna áirithe.

(2) Pé uair a dhéanfaidh ball den Ghárda Síochána no d'Fhórsaí Cosanta Shaorstáit Eireann duine do ghabháil féin alt so aistroidh sé an duine sin go dtí stáisiún caothúil leis an nGárda Síochána no go dtí aon áit eile fé chúram baill den Ghárda Síochána agus féadfaidh pé neart is gá do chur i bhfeidhm chun an aistrithe sin do dhéanamh.

(3) Pé uair a haistrefar duine go dtí stáisiún leis an nGárda Síochána no go dtí áit eile féin alt so, déanfaidh an ball den Ghárda Síochána bheith an uair sin i gcúram an stáisiúin no na háite sin an t-aistriú san do chur in úil do bhall den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire agus leis sin déanfaidh an ball deiridh sin a luaidhtear, laistigh de shé huaire déag ar fhicid 'a chluig tar éis an duine sin d'aistriú amhlaidh go dtí an stáisiún san, a ordú go gcoinn-eofaí an duine sin féin Airtíogal so no a chur fé ndear go gcuirfí cionta i leith an duine sin agus go ndeighleálfai leis dá réir sin no go leigfí saor é.

(4) Féadfar duine a haistrefar go dtí stáisiún leis an nGárda Síochána no go dtí áit eile féin alt so do choinneáil sa stáisiún no san áit sin go dtí go ndeighleálfar leis do réir

an fho-ailt deiridh sin roimhe seo den alt so ach ní coinn-eofar é de bhuidh an fho-ailt seo ar feadh níos mó ná sé huairé déag ar fhichid a' chluig tar éis an aistrithe sin.

(5) Má abran ball den Ghárda Síochána no d'Fhórsaf Cosanta Shaorstáit Eireann ar a mhionn in aon Chúirt Bhreithiúnais go raibh sé in amhrus, nuair do stop agus do cheistnigh duine áirithe fén alt so, an duine sin do bheith tar éis no chun cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do dhéanamh no baint do bheith aige ansan no roimhe sin le n-a dhéanamh no a fhios do bheith aige aon chionta den tsórt san (gan an cionta san do luadh) do bheith déanta no le déanamh, beidh san ina fhianaise dho-chlaoite, nách féidir cur ina coinnibh ná í do chur i gceist tré chros-cheistniú, tré fhrith-fhianaise, ná ar aon tsli eile, go raibh an t-amhrus san ag an mball san ar an duine sin an uair sin agus go raibh sé i dteideal an uair sin an duine sin do stop agus do cheistniú fén alt so.

Comhach chun
duine do
choinneáil ar
amhrus i
geásanna áirithe.

14.—(1) Duine gabhfar agus a haistrefar go dtí stáisiún leis an nGárda Síochána fén Airtíogal so, féadfar, ar ordú baill den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire do thabhairt laistigh de shé huairé déag ar fhichid a' chluig tar éis an aistrithe sin, an duine sin do choinneáil i gcoimeád in aon stáisiún leis an nGárda Síochána, no in aon phríosún, no in aon áit chaothúil eile go dtí go dtárlóidh pé ní acu so leanas is túisce thárlóidh, sé sin le rá :—

(a) ball den Ghárda Síochána dá chur in úil don duine sin i scríbhinn go dtabharfar os cóir an Bhínse é; no

(b) dhá uair déag is trí fichid a' chluig do bheith caithte o gabhadh an duine sin amhlaidh.

(2) Má abran ball den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire ar a mhionn in aon Chúirt Bhreithiúnais gur orduigh sé, laistigh de shé huairé déag ar fhichid a' chluig tar éis duine do ghabháil fén Airtíogal so, an duine sin do choinneáil i gcoimeád, beidh san ina fhianaise dho-chlaoite, nách féidir cur ina coinnibh ná í do chur i gceist tré chros-

cheistniú, tré fhrith-fhianaise, ná ar aon tslí eile, gur thug an ball san an t-ordú san uaidh laistigh den tréimhse sin agus go raibh sé dleathach an duine sin do choinneáil do réir an orduithe sin.

(3) Déanfar tagairtí san Airtíogal so do dhuine do choinneáil ar amhrus fén Airtíogal so do léiriú mar thagairtí do dhuine do choinneáil i gcoimeád fén alt so.

15.—(1) Pé uair a coinneofar duine ar amhrus fén Airtíogal so beidh sé dleathach do bhall ar bith den Ghárda Síochána, faid a coinneofar an duine sin amhlaidh, gach ní no éinní acu so leanas do dhéanamh, sé sin le rá :—

Duine coinneofar ar amhrus do scrúdú.

- (a) an duine sin do chuardach no a chur fé ndeár é chuardach ;
- (b) an duine sin do ghrian-ghrafadh no a chur fé ndeár é ghrian-ghrafadh ;
- (c) priontaí méire an duine sin do thógaint no a chur fé ndeár iad do thógaint ;
- (d) a ainm agus a sheoladh d'éileamh ar an duine sin agus fós cuntas iomlán ar a ghluaiseachtaí agus a ghníomhartha i gcaitheamh aon tréimhse áirithe ;
- (e) gach eolas no aon eolas a bheidh aige, i dtaobh duine eile do bheith tar éis no chun aon chionta dá luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do dhéanamh, d'éileamh ar an duine sin

(2) Gach duine coinneofar ar amhrus fén Airtíogal so agus a dhéanfaidh éinní acu so leanas, agus é á choinneáil amhlaidh, sé sin le rá :—

- (a) bac na cosc do chur ar bhall den Ghárda Síochána agus é ag feidhmiú comhachta ar bith dá mbronntar leis an alt so an duine sin do chuardach no do ghrian-ghrafadh no a phriontaí méire do thógaint ; no

- (b) nuair éileoidh ball den Ghárda Síochána a ainm no a sheoladh air fén alt so, diúltadh don ainm sin no don tseoladh san do thabhairt uaidh no san do theip air no ainm no seoladh bheidh bréagach no mí-threorach do thabhairt uaidh ; no
- (c) nuair éileoidh ball den Ghárda Síochána cuntas ar a ghluaiseachtaí no ar a ghníomhartha air fén alt so, diúltadh don chuntas san do thabhairt uaidh no san do theip air no cuntas a bheidh neamh-iomlán no bréagach no mí-threorach do thabhairt uaidh ; no
- (d) nuair éileoidh ball den Ghárda Síochána air fén alt so aon eolas a bheidh aige, diúltadh don eolas san do thabhairt uaidh no san do theip air no eolas a bheidh bréagach, neamh-iomlán, neachruinn, no mí-threorach do thabhairt uaidh ; no
- (e) aon bhall den Ghárda Síochána d'ionnsuidhe ; no
- (f) díobháil do dhéanamh d'aon mhaoin ; no
- (g) é féin d'iompar go mí-ordúil ; no
- (h) an áit ina mbeidh sé á choinneáil amhlaidh d'fhágaint gan cead o bhall den Ghárda Síochána ;

beidh sé ciontach i gcionta is intrialta ag an mBínse agus ar a chiontú ann dligheafar pé pionós do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

Daoine i
gcoimeád do
scrúdú.

16.—(1) Pé uair a bheidh duine á choinneáil go dleathach i gcoimeád (ar aon tsli seachas bheith á choinneáil ar amhrus fén Airtíogal so) in aon phríosún, stáisiún leis an nGárda Síochána, no áit eile, beidh sé dleathach do bhall ar bith den Ghárda Síochána dul isteach san áit sin, an duine sin d'agallamh, agus cuntas iomlán ar a ghluaiseachtaí agus a ghníomhartha i gcaitheamh aon tréimhse áirithe d'éileamh air agus fós aon eolas a bheidh aige i dtaobh duine eile do bheith tar éis no chun aon chionta dá luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do dhéanamh.

(2) Gach duine go ndéanfaidh ball den Ghárda Síochána é d'agallamh féin alt so agus—

(a) nuair éileoidh an ball den Ghárda Síochána cuntas ar a ghluaiseachtaí no a ghníomhartba air féin alt so san agallamh san, go dteipfidh air an cuntas san do thabhairt uaidh no dhiúltóidh d'é thabhairt uaidh no do bhéarfaidh uaidh cuntas a bheidh neamh-iomlán no bréagach no mí-threorach ; no

(b) nuair éileoidh an ball san den Ghárda Síochána air féin alt so san agallamh san aon eolas a bheidh aige, go dteipfidh air an t-eolas san do thabhairt uaidh no dhiúltóidh d'é thabhairt uaidh no do bhéarfaidh uaidh eolas a bheidh bréagach, neamh-iomlán, nea-chruinn, no mí-threorach ; beidh sé ciontach i gcionta is intrialta ag an mBínse agus ar a chiontú ann dlighfear pé pionós do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

17.—(1) Féadfaidh ball ar bith den Ghárda Síochána, laistigh de dhá uair déag is trí fichid a' chluig tar éis duine do ghabháil féin Airtíogal so, fógra i scríbhinn do thabhairt don duine sin, le linn é bheith á choinneáil ar amhrus féin Airtíogal so, go dtabharfar os cóir an Bhínse é.

Conhacht chun duine bheidh á choinneáil do thabhairt os cóir an Bhínse.

(2) Nuair do bhéarfar fógra do dhuine féin bhfó-alt san roimhe seo den alt so bhéarfar an duine sin os cóir an Bhínse laistigh de mhí tar éis an fhógra san do thabhairt do agus cuirfear ina leith san áit sin ceann no níos mó de sna ciontaí luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so.

(3) Nuair a bheidh fógra tugtha do dhuine féin gcéad fho-alt den alt so, coinneofar an duine sin i gcoimeád go dtí go dtabharfar os cóir an Bhínse é do réir an dara fo-ailt den alt so.

Comhacht chun
feithicil do stop
agus do
chuardach.

18.—(1) Féadfaidh ball ar bith den Ghárda Síochána aon uair, gan barántas, aon fheithicil do chuardach agus an té bheidh i bhfeighil na feithicle sin agus éinne bheidh sa bhfeithicil sin do cheistniú agus, chun an chuardaigh agus an cheistnithe sin do dhéanamh, féadfaidh aon fheithicil a bheidh ar gluaiseacht do stop agus féadfaidh pé neart is gá do chur i bhfeidhm chun an cuardach agus an stop san no ceachtar acu do dhéanamh.

(2) Féadfaidh ball ar bith den Ghárda Síochána aon uair, gan barántas, aon long, bád no ártach eile ar uiscí intíre no cósta no tíriúla Shaorstáit Eireann do chuardach agus an té bheidh i gceannas no i bhfeighil an ártacha sin agus éinne bheidh san ártach san do cheistniú agus, chun an chuardaigh agus an cheistnithe sin do dhéanamh, féadfaidh aon long, bád, no ártach eile bheidh ar gluaiseacht ar na huiscí sin do stop, agus féadfaidh pé neart is gá do chur i bhfeidhm chun an cuardach agus an stop san no ceachtar acu do dhéanamh.

CUID IV.

COMHLACHAISÍ NEA-DLEATHACHA.

Comhlachaisí
nea-dhleathacha.

19.—(1) Is comhlachas nea-dhleathach gach comhlachas—

- (a) go bhfuil ar a chuspóirí admhuithe no a mholann no a mhisníonn no adeir go misníonn sé Rialtas Shaorstáit Eireann do threascairt le lámh láidir no an Bunrecht so no an dlí d'atharú le lámh láidir ; no
- (b) a dheineann no a thugann fé no a thugann le tuisgint go ndeineann sé, gan údarás dleathach chuige, fórsa armtha do chó-ghléasadh no do choimeád ar bun ; no
- (c) a chuireann ar aghaidh no a mhisníonn seilbh nea-dhleathach do bheith ag a bhail ar airm theine ; no

(d) atá ag gabháil d'aon ghníomh, gnó, no cúrsa gníomhachta de shaghas thréasúnta no cheannairceach no a dheineann a leithéid do chur ar aghaidh no do mhisniú no do mholadh no a chuireann ar aghaidh, a mhisníonn, no a mholann aon chrích de shaghas thréasúnta no cheannairceach do bhaint amach ; no

(e) a chuireann ar aghaidh, a mhisníonn, no a mholann ciontaí do dhéanamh no bac no cur isteach do chur ar riaradh cirt no ar fheidhmiú na dlí ; no

(f) a chuireann ar aghaidh, a mhisníonn, no a mholann gan airgead d'íoc is iníoctha leis an bPrímh-Chiste no le haon chiste puiblí eile pe'ca tré chánachas é no ar aon tslí eile no gan cánacha áitiúla d'íoc.

(2) Ordú dhéanfaidh an Ard-Chomhairle á dhearbhu gur comhlachas nea-dhleathach comhlachas áirithe dar leis an Ard-Chomhairle, beidh sé ina fhianaise dho-chlaoithe chun gach críche gur comhlachas nea-dhleathach an comhlachas san.

(3) Déanfar gach ordú dá dtagartar sa bhfo-alt deiridh sin roimhe seo den alt so d'fhoillsiú san *Iris Oifigiúil* chó luath agus is féidir é tar éis a dhéanta.

20.—Gach éinne is ball de chomhlachas nea-dhleathach beidh sé ciontach i gcionta is inrialta ag an mBínse agus ar a chiontú ann dlighfear pé pionós do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

Pionós mar gheall ar bhallaíocht i gcomhlachas nea-dhleathach.

21.—Má faightear ag éinne no ina sheilbh, no ar thailte no in áitreabh is leis no atá ar seilbh aige no fé n-a chúram, aon scríbhinn (fé dháta ar bith no gan dáta) a tugadh amach no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tugtha amach ag comhlachas nea-dhleathach no tháinig no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tagtha o chomhlachas nea-dhleathach no thugann le tuisgint í bheith ag cabhrú no ag neartú le comhlachas nea-dhleathach no mar gheall ar chomhlachas nea-dhleathach no bhaineann leis ar aon

Seilbh ar scríbhinní bhaineann le comhlachas nea-dhleathach.

tslí eile, beidh an duine sin, maran oifigeach don Stát é agus gur i gcúrsaí a chuid dualgas mar oifigeach den tsórt san atá an scríbhinn sin ina sheilbh no ina choimeád aige no mara gcuirfe sé ina luighe ar an gCúirt no ar an mBínse (pe'ca aca é) nárbh eol do go raibh an scríbhinn sin ina sheilbh no ar na tailte no san áitreabh san no nárbh eol do cadé an saghas an scríbhinn sin ná cad do bhí inti, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so agus ar a chiontú ann ar an slí achmair dlighfear fíneáil ná raghaidh thar caoga punt do chur air no, más rogha leis an gCúirt é, príosúntacht ar feadh aon téarma nách sia ná ráithe no an fhíneáil sin agus an phríosúntacht san le chéile no, ar a chiontú ann don Bhínse, pé pionós is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

Cruthú ar
bhallraocht i
gcomhlachas
nea-dhleathach.

22.—(1) Pé uair a cúiseofar duine i mbeith ina bhall de chomhlachas nea-dhleathach agus a cruthófar chun sás-tachta an Bhínse go bhfuarthas ag an duine sin no ina sheilbh no ar thailte no in áitreabh is leis no atá ar seilbh aige no fé n-a chúram, scríbhinn (fé dháta ar bith no gan dáta) a tugadh amach no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tugtha amach ag comhlachas nea-dhleathach no tháinig no go bhfuil a dheallramh uirthi í bheith tagtha o chomhlachas nea-dhleathach no thugann le tuisgint í bheith ag cabhrú no ag neartú le comhlachas nea-dhleathach no mar gheall ar chomhlachas nea-dhleathach no bhaineann leis ar aon tslí eile, tuigfear an duine sin do bheith i a bhall den chomhlachas nea-dhleathach gur mar gheall air an scríbhinn sin no le n-a mbaineann sí mara gcruthuighe sé nách ball é an uair sin den chomhlachas san agus nár bhall é den chomhlachas san aon uair tar éis an Airtioigail seo do chur isteach sa Bhunreacht so.

(2) Duine tuigfear, de bhuaadh an ailt seo, do bheith ina bhall de chomhlachas nea-dhleathach ní tuigfear gur chruthuigh sé nách ball é an uair sin den chomhlachas san agus nár bhall de é o cuireadh an tAirtioigal so isteach sa Bhunreacht so mara ndeine sé (i dteanta pé fianaise eile chuirfidh ina luighe ar an mBínse nách ball agus nár bhall amhlaidh é) a dhearbhu ar a mhionn (agus bhéarfaidh an

Bínse caoi dho ar an dearbhú san do dhéanamh) nách ball é an uair sin den chomhlachas nea-dhleathach san agus nár bhall de é aon uair o cuireadh an tAirtíogal so isteach sa Bhunreacht so.

23.—(1) Ní bheidh sé dleathach aon leabhar, páipeur nuachta, meagisín, tréimhseachán, paimpléid, duilleog, imleidir ná scríbhinn eile tugtar amach no foillsítear thar ceann comhlachais nea-dhleathaigh do chlóbhualadh, d'fhoillsiú, do scaipeadh, do dhíol ná do thairisgint ná do thaisbeáint chun a dhíolta.

(2) Gach éinne dhéanfaidh aon leabhar, páipeur nuachta, meagisín, tréimhseachán, paimpléid, duilleog, imleidir no scríbhinn eile do chlóbhualadh, d'fhoillsiú, do scaipeadh, do dhíol no do thairisgint no do thaisbeáint chun a dhíolta contrárdha don alt so, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so agus ar a chiontú ann ar an slí achmair dlighfear fineáil ná raghaidh thar céad punt do chur air no, más rogha leis an gCúirt é, príosúntacht ar feadh aon téarma nách sia ná sé mhí no an fhíneáil sin agus an phríosúntacht san le chéile no, ar a chiontú don Bhínse, pé pionós is oiriúnach leis an mBínse do chur air agus fós, i gcás ar bith, geallbhruideadh gach cóipe den scríbhinn sin a bheidh ar seilbh aige agus fós, i gcás duine do gheobhfar ciontach i gclóbhualadh aon scríbhinne den tsórt san, geallbhruideadh an ghléasra chlóbhualte go léir a bheidh ar seilbh aige.

(3) San alt so foluionn tagairtí do chlóbhualadh aon tslí chun focail do thaisbeáint no do thabhairt amach i bhfuirm sho-fheisce agus léireofar na focail “ chlóbhualadh ” agus “ chlóbhualte ” dá réir sin.

CUID V.

ILGHNEITHEACH.

24.—(1) Pé uair do chífear don Ard-Chomhairle gur deallrathach gurb é thiocfadh as cruinnithe puiblí do chomóradh in aon fhoirgint áirithe no ar aon bhóthar no shráid áirithe no in aice leo ná go mbrisfí an tsíocháin no

Toirmeasc ar shaghasanna áirithe scríbhinní do chlóbhualadh, etc.

Combacht chun cruinnithe puiblí do thoirmeasc.

go ndéanfaí dochar do dhlí agus d'ordú do choimeád, féadfaidh an Ard-Chomhairle furógra do thabhairt amach ag cur toirmeasc le cruinniú puiblí ar bith no le haon chruinniú puiblí comórfar ar shlí seachas fé choinníollacha áirithe no i gcóir cuspóirí áirithe (pe'ca saghas acu san is oiriúnach leis an Ard-Chomhairle do luadh) do chomóradh i líomataíste áirithe no laistigh de líomataíste áirithe (le n-a n-áirmhítear an fhoirgint, an bóthar no an tsráid sin agus ná téidheann níos sia ná míle ón gcéanna) go ceann tréimhse áirithe (nách sia ná ráithe) o dháta an fhuróga.

(2) Pé uair do chífear d'Aire den Ard-Chomhairle, maidir le haon chruinniú puiblí bheidh beartuithe, gur deallrathach go gcuirfe sé ar aghaidh no go ngríosfa sé gníomhartha fóiréigin no imeagluithe do dhéanamh no go gcuirfe sé isteach ar riaradh na dlí no ar dhlí agus ordú do choimeád, féadfaidh an tAire sin den Ard-Chomhairle furógra do thabhairt amach ag cur toirmisc leis an gcrúinniú san do chomóradh san áit agus san am ina raibh sé beartuithe é chomóradh no in áit ar bith eile laistigh de thrí lá roimh an am san no dá éis.

(3) Pé uair do bhéarfaidh an Ard-Chomhairle no Aire den Ard-Chomhairle furógra amach fén alt so, beidh gach duine chomórfaidh cruinniú puiblí no bheidh páirteach i gcrúinniú puiblí do chomóradh no 'na mbeidh baint aige le cruinniú puiblí do chomóradh contrárdha don fhurógra san no bheidh páirteach in aon chruinniú no i láthair ag aon chruinniú comórfar contrárdha don fhurógra san, beidh sé ciontach i gcionta fén alt so agus ar a chiontú ann ar an slí achmair dlighfear fineáil ná raghaidh thar fiche punt do chur air no, más rogha leis an gCúirt é, príosúntacht ar feadh aon téarma nach sia ná mí no, ar a chiontú ann don Bhínse, pé pionós is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

(4) Déanfar gach furógra do bhéarfar amach fén alt so d'fhoillsiú sa tsli ordóidh an Ard-Chomhairle no an tAire den Ard-Chomhairle do bhéarfaidh amach an furógra san

(do réir mar bheidh) d'fhonn an furógra san do chur in úil do gach n-aon le n-a mbaineann, ach má fágtar an foillsiú san gan déanamh no má bhíonn sé nea-dhóthanach ní dhéanfaidh san dochar ná deifir do dhleathacht an fhurógra san.

(5) San alt so—

foluionn an focal “ cruinniú ” aon chódháil, mór-shiúl no tionól eile daoine chun aon chríche ; agus cialluionn an abairt “ cruinniú puiblí ” cruinniú ag a dtugtar cuireadh no ag a gceadúitear no ag a mbeartúitear a cheadú do gach duine den phobal no d'aon aicme no dream no aicmí no dreamanna áirithe den phobal bheith i láthair

25.—(1) Pé uair is deimhin leis an Ard-Chomhairle go bhfuil ball de cheachtar Tigh den Oireachtas tar éis bháis de dheascaibh gnímh nea-dhleathaigh duine eile, go díreach no go nea-dhíreach, no go bhfuil sé á chosc ar bheith i láthair ag suidheanna an Tighe den Oireachtas dar ball é agus bheith páirteach ionta, de dheascaibh mí-chumais chuirp do tháinig, go díreach no go nea-dhíreach, as gníomh nea-dhleathach duine eile no de dheascaibh príosúntachta nea-dhleathaighe no de dheascaibh bagartha no imeagluithe féadfaidh an Seanascal, ar chomhairle na hArd-Chomhairle, éinni acu so leanas no iad araon do dhéanamh, sé sin le rá :—

- (a) duine do cheapadh, le hordú, chun bheith ina bhall den Tigh sin den Oireachtas in ionad an bhaill sin, pé duine is oiriúnach leis an Seanascal d'ainmniú san ordú san ar an gcomhairle roimhraithe agus ag féachaint do sna tuairimí is eol a bheith ag an mball do fuair bás no bheidh á chosc amhlaidh (pe'ca aca é) ;
- (b) ceachtar Tigh den Oireachtas no iad araon do chur ar ath-ló, le hordú, ar feadh pé tréimhse, nách sia ná mí, is oiriúnach leis an Seanascal ar an gcomhairle roimhraithe do luadh san ordú san.

Combachta
bheidh ag an
Seanascal nuair
a coisctear ar
bhall teacht chun
an Oireachtais.

(2) Duine ceapfar le hordú déanfar fén alt so chun bheith ina bhall de Tigh den Oireachtas tiocfa sé chun bheith, díreach ar an ordú san do dhéanamh, agus beidh sé, go dtí go gcuirfear deireadh le n-a bhallraocht fén alt so, ina bhall den Tigh sin i ngach slí agus chun gach críche agus cearta, príbhleídí agus saoirsí uile baill den Tigh sin aige ach ní bheidh sé i dteideal a shuidheacháin do thógaint sa Tigh sin go dtí go dtuga sé do réir Airtíogail 17 den Bhunreacht so an mhóid a luaidhtear san Airtíogal san.

(3) Duine ceapfar le hordú déanfar fén alt so chun bheith ina bhall de Thigh den Oireachtas in ionad baill de bheith tar éis bháis scuirfe sé de bheith ina bhall den Tigh sin ar thárlachtaint do pé ní acu so leanas is túisce thárlóidh, sé sin le rá :—

(a) rit do thabhairt amach no ordú do dhéanamh (fé mar is gá sa chás) chun toghacháin do chomóradh chun áite an bhaill sin a bheidh tar éis bháis do líonadh ; no

(b) Dáil Eireann do scur.

(4) Duine ceapfar le hordú déanfar fén alt so chun bheith ina bhall de Thigh den Oireachtas in ionad baill de a bheidh á chosc ar bheith i láthair ag suidheanna an Tighe sin scuirfe sé de bheith ina bhall den Tigh sin ar thárlachtaint do pé ní acu so leanas is túisce thárlóidh, sé sin le rá :—

(a) an ball féin gur ina ionad do ceapadh an duine sin amhlaidh do theacht i láthair ag suidhe den Tigh sin ; no

(b) Dáil Eireann do scur.

(5) Nuair a déanfar ordú fén alt so ag cur ceachtar Tigh den Oireachtas no iad araon ar ath-ló, beidh an Tigh no na Tithe sin (do réir mar bheidh) ar ath-ló ar feadh na tréimhse bheidh luaidhte san ordú san agus ní bheidh suidhe ná cruinniú ag an Tigh no ag na Tithe sin go dtí deireadh na tréimhse sin.

(6) Gach ordú déanfar fén alt so ag ceapadh duine chun bheith ina bhall de Thigh den Oireachtas no ag cur Tighe amháin de Thithe an Oireachtais ar ath-ló cuirfear in úil do Chléireach an Tighe sin é agus cuirfidh Cléireach an Tighe sin é i gCinn-lae an Tighe sin.

(7) Gach ordú déanfar fén alt so ag cur dhá Thigh an Oireachtais ar ath-ló cuirfear in úil do Chléireach gach Tighe acu san é agus cuirfidh gach Cléireach acu san é i gCinn-lae an Tighe dar Cléireach é.

26.—(1) Féadfaidh an Bínse, ar iarratas bhaill den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire, ordú do dhéanamh á dhearbú go bhfuil aon leabhar, tabhairt amach de thréimhseachán, paimpléid, póstaer no scríbhinn eile ceannairceach.

Comhacht ag an mBínse a dhearbú go bhfuil thréimhseachán, etc., ceannairceach.

(2) Pé uair a dhéanfaidh an Bínse ordú fén alt so á dhearbú go bhfuil scríbhinn ceannairceach féadfaidh aon bhall den Ghárda Síochána aon chóip den scríbhinn sin do gheobha sé in aon áit do ghabháil agus do bhreith leis, agus, chuige sin, féadfaidh dul isteach ar thailte no in áitreabh ar bith 'narb eol do no 'na bhfuil amhrus aige cóip den scríbhinn sin do bheith agus féadfaidh cuardach do dhéanamh ar an gcóip sin ann.

27.—(1) Pé uair do chítear don Bhínse, ar iarratas bhaill den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire, go bhfuil no go raibh aon fhoirgint á húsáid chun cionta luaidhtear sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do dhéanamh no maidir le n-a dhéanamh féadfaidh an Bínse ordú do dhéanamh (dá ngairmtear ordú um dhúnadh san alt so) ag dúnadh an áitreibh sin go ceann-pé tréimhse (dá ngairmtear an tréimhse dhúnta san alt so) nách sia ná sé mhí o dháta an ordúithe agus a luadhfaidh an Bínse san ordú san.

Comhacht ag an mBínse foirgintí do dhúnadh.

(2) Pé uair a bheidh an Bínse tar éis ordú um dhúnadh do dhéanamh féadfaidh an Bínse aon uair i rith na tréimhse dúnta bheidh luaidhte san ordú san an t-ordú san do leasú tré dheireadh do chur leis an tréimhse dhúnta san no tré n-a laigheadú.

(3) Pé uair a dhéanfaidh an Bínse ordú um dhúnadh ní bheidh sé dleathach d'éinne an fhoirgint ná aon chuid den fhoirgint le n-a mbaineann an t-ordú san d'úsáid ná bheidh ina seilbh i rith na tréimhse dúnta bheidh luaidhte san ordú san.

(4) Gach éinne úsáidfidh foirgint no aon chuid d'fhoirgint no bheidh ina seilbh contrárdha don alt so, beidh sé ciontach i gcionta is inrialta ag an mBínse agus ar a chiontú ann dlighfear pé príosúntacht do chur air is oiriúnach leis an mBínse do chur air.

(5) Féadfaidh aon bhall den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire gach ní do dhéanamh a cheapfa sé is gá no is oiriúnach chun cosc do chur le haon fhoirgint áirithe no le haon chuid den fhoirgint sin d'úsáid no do shealbhú contrárdha don alt so.

(6) Déanfar tagairtí san alt so d'fhoirgint do léiriú mar thagairtí fholuionn gach clós, garraidhe agus mion-tigh laistigh de chúirt-mháigh na foirginte sin.

Aicín shíbhiaita i gcoinnibh ball den Ghárda Síochána do thriail.

28.—Ní bheidh teideal ag aon pháirtí le haicsean no le himeacht shíbhialta eile san Ard-Chúirt no sa Chúirt Chuarda i gcoinnibh baill den Ghárda Síochána, pe'ca ina aonar no le daoine eile é, chun giúiré do bheith aige chun na n-imeacht san do thriail más damáiste no faoiseamh eile, mar gheall ar choinneáil nea-dhleathach no ionnsuidhe no có-cheilg adeirtear a rinneadh, an faoiseamh no cuid den bhfaoiseamh a héilítear sna himeachta san.

Scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha d'iompar.

29.—(1) Féadfaidh aon bhall den Ghárda Síochána aon duine go mbeidh a fhios aige no go mbeidh amhras aige é do bheith ag iompar aon scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha do stop agus do chuardach agus fós é do ghabháil gan barántas, agus pe'ca ghabhfa sé é no ná gabhfaidh féadfaidh sé gach scríbhinn a bheidh á iompar aige agus a chífear don bhall san do bheith tréasúnta no ceannairceach do ghabháil agus do choinneáil.

(2) Má abrannt aon bhall den Ghárda Síochána ar a mhíonn in aon Chúirt Bhreithiúnais go raibh sé in amhrus, nuair do stop no do chuardaigh no do ghaibh (pe'ca aca é) aon duine fén alt so, an duine sin do bheith ag iompar scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha beidh san ina fhianaise dho-chlaoite, ná beidh aon dul tháirsi agus nách féidir cur ina coinnibh ná í do chur i gceist tré chros-cheistniú, tré fhrith-fhianaise ná ar aon tslí eile, go raibh an t-amhrus san ag an mball san ar an duine sin agus go raibh sé i dteideal an uair sin an duine sin do stop, do chuardach, agus do ghabháil fén alt so.

30.—(1) Más é tuairim bhaill den Ghárda Síochána nách ísle céim ná cigire cúis réasúnta do bheith le hamhrus go bhfuil scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha, airm theine no amuinisean in aon áit no áitreabh, féadfa sé ordú i scríbhinn (dá ngairmtear ordú cuardaigh san alt so) do thabhairt amach d'aon bhall no baill den Ghárda Síochána bheidh ainmnithe san ordú, chun aon áit no áitreabh a bheidh ainmnithe san ordú san do chuardach.

Orduithe
cuardaigh.

(2) Déanfaidh ordú cuardaigh a údarú don bhall no do sna baill den Ghárda Síochána bheidh ainmnithe ann dul isteach san áit no san áitreabh le n-a mbaineann an t-ordú san aon uair laistigh de cheithre huairé fichead a' chluig tar éis an t-ordú cuardaigh sin do thabhairt amach, agus san le fóiréigean más gá é, agus an áit no an t-áitreabh san do chuardach do scríbhinní tréasúnta no ceannairceacha, airm theine agus amuinisean agus gach scríbhinn do gheobhfar ar dhéanamh an chuardaigh sin agus a dheallróidh don bhall no do sna baill sin bheith tréasúnta no ceannairceach agus gach arm teine agus amuinisean do gheobhfar ar dhéanamh an chuardaigh sin do ghabháil agus do bhreith leo.

(3) Féadfaidh aon bhall den Ghárda Síochána bheidh ag déanamh cuardaigh fé ordú cuardaigh gach ní no aon ní no nithe acu so leanas do dhéanamh, sé sin le rá :—

(a) éinne do gheobhfar san áit no san áitreabh le n-a mbaineann an t-ordú do chuardach ;

- (b) ainm agus seoladh éinne do gheobhfar san áit no san áitreabh san d'éileamh agus (gan dochar d'aon chomhacht eile ghabhála bheidh dílsithe ann do réir dlí no de bhuidh aon bharántais dhleathaigh) gabháil do dhéanamh gan barántas ar éinne den tsórt san a dhiúltóidh dá ainm no dá sheoladh do thabhairt don bhall san no do bhéarfaidh uaidh ainm no seoladh gurb eol don bhall san no go mbeidh amhrus aige é do bheith bréagach no mí-threorach ; no
- (c) gabháil do dhéanamh gan barántas ar éinne do gheobhfar san áit no san áitreabh san agus 'na mbeidh amhrus ag an mball san go raibh aon scríbhinn tréasúnta no ceannairceach, arm teine no amuinisean ar seilbh aige san áit no san áitreabh san.

(4) San alt so tá ag an bhfocal " arm teine " agus ag an bhfocal " amuinisean " na brigheanna ceaptar dóibh fé seach in Acht na nArm Teine, 1925 (Uimh. 17 de 1925).

Geallbhruideadh agus dí-cháiliú de dheascaibh ciontuithe áirithe.

31.—(1) Pé uair a thárlóidh duine ciontófar, le linn an ailt seo do bheith i bhfeidhm, i gcionta atá luaidhte sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do bheith, le linn an chiontuithe sin, i seilbh oifige no fostaíochta le n-a ngabhann luach saothair a híoctar amach as an bPrímh-Chiste no as airgead a sholáthruíonn an tOireachtas no as airgead a cruinnítear le cánachas áitiúil, no i mbord no i gcólucht no fé bhord no fé chólucht no mar bhall íoctha de bhord no de chólucht do bunúidh le hAcht den Oireachtas no fé, geallbhruidfidh an duine sin, láithreach ar dhéanamh an chiontuithe sin, an oifig, an fhos-taíocht, an t-ionad, no an sochar san agus tiocfaidh an céanna chun bheith agus beidh sé folamh láithreach.

(2) Pé uair a thárlóidh duine ciontófar, le linn an ailt seo do bheith i bhfeidhm, i gcionta atá luaidhte sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so do bheith, le linn an chiontuithe sin, ag fáil pinsin no aois-liúntais is infoctha amach as an bPrímh-Chiste no as airgead a sholáthruíonn an tOireachtas no as airgead a cruinnítear le cánachas áitiúil no as cistí búird no cóluchta do bunúfodh le hAcht den Oireachtas no fé, geallbhruidfidh an duine sin an pinsean no an t-aois-liúntas san láithreach ar dhéanamh an chiontuithe sin agus scuirfidh an pinsean no an t-aois-liúntas san láithreach de bheith infoctha.

(3) Gach éinne ciontófar, le linn an ailt seo do bheith i bhfeidhm, i gcionta atá luaidhte sa bhFo-Scríbhinn a ghabhann leis an Airtíogal so beidh se, ón gciontú san agus dá éis sin ar feadh seacht mblian o dháta an chiontuithe sin, dí-cháilithe chun bheith i seilbh aon oifige no fostaíochta le n-a ngabhann luach saothair a híoctar amach as an bPrímh-Chiste no as airgead a sholáthruíonn an tOireachtas no as airgead a cruinnítear le cánachas áitiúil, no i mbord no i gcóluacht no fé bhord no fé chóluacht no mar bhall íoctha de bhord no de chóluacht do bunúfodh le hAcht den Oireachtas no fé.

(4) Pé uair a cuirfear ar neamh-ní no ar nea-mbrí ciontú as a dtagann aon gheallbhruideadh no dí-cháiliú de bhua dh an ailt seo no a deonfar saor-mhaithiúnas don duine chiontuithe beidh an geallbhruideadh no an dí-cháiliú san curtha ar nea-mbrí, i gcás cur-ar-neamh-ní no cur-ar-neamh-ní, o dháta an chiontuithe agus i gcás saor-mhaithiúnais, o dháta an mhaithiúnais sin.

32.—(1) Tuigfead gach scríbhinn a ghabhfaidh ball den Ghárda Síochána i bhfeidhmiú comhachta bronntar leis an

Cad déanfar le scríbhinní gabhfar féin Airtíogal so

Airtiogal so no fé do bheith i gcoimeád Choimisineura an Ghárda Síochána agus, go dtí go ndítheofar no gcuirfear thar n-ais í no go ndeighleálfar léi ar shlí eile fén alt so, déanfaidh pé duine ordóidh an Coimisinéir í do choinneáil i pé áit ordóidh an Coimisinéir.

(2) Féadfaidh éinne adeir gur leis scríbhinn a tuigfear, leis an alt so, do bheith i gcoimeád Choimisineura an Ghárda Síochána, féadfa sé, laistigh de mhí tar éis na scríbhinne sin do ghabháil, a iarraidh ar an gCoimisinéir sin an scríbhinn sin do thabhairt thar n-ais do agus leis sin féadfaidh an Coimisinéir sin an scríbhinn do thabhairt thar n-ais don duine sin no treoir d'iarraidh ar an mBínse agus pé ní ordóidh an Bínse do dhéanamh leis an scríbhinn sin, pe'ca aca is dóich leis is ceart.

(3) Gach scríbhinn a tuigfear leis an alt so do bheith i gcoimeád Choimisineura an Ghárda Síochána agus ná tabharfar thar n-ais don té gur leis í féadfaidh an Coimisinéir sin a chur fé ndéar go ndítheofar í no go ndeighleálfar léi ar shlí eile chó luath agus a cheapfaidh an Coimisinéir sin ná beidh an scríbhinn sin ag teastáil i gcóir imeachta coiriúla fén Airtiogal so no ar shlí eile ach gan san do dhéanamh níos luatha ná mí tar éis na scríbhinne sin do ghabháil.

Alt 8 den *Law of Libel Amendment Act, 1888*, do dhúradh amach.

33.—Ní bheidh feidhm ag alt 8 den *Law of Libel Amendment Act, 1888*, maidir le haon chúiseamh coiriúil um chlú-mhilleadh scríbhthe cheannairceach do bhéarfar os cóir an Bhínse.

Costaisi.

34.—Sa mhéid go gceadóidh an tAire Airgid é, is amach as airgead a sholáthróidh an tOireachtas a híocfar gach costas fé n-a raghfear ag cur an Achta so i bhfeidhm.

FO-SCRIBHINN A GHABHANN LEIS AN
AIRTIOTAL SAN ROIMHE SEO.

1. Aon chionta (pe'ca roimh an Airtíogal so do chur isteach sa Bhunreacht so no dá éis sin do rinneadh é no roimh ailt 4 go 34 den Airtíogal so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin) a dearbhuítear leis an Acht um Chiontaí Tréasúnta, 1925 (Uimh. 18 de 1925), do bheith ina thréasún no ina fheleontacht no ina mhí-iompar.

2. Aon chionta fé Acht na nGiúirithe (Cosaint), 1929 (Uimh. 33 de 1929), pe'ca roimh an Airtíogal so do chur isteach sa Bhunreacht so no dá éis sin do rinneadh é no roimh ailt 4 go 34 den Airtíogal so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin.

3. An cionta san fé Acht na nArm Teine, 1925 (Uimh. 17 de 1925), eadhon, arm teine do bheith ar seilbh ag duine no é d'úsáid no d'iompar gan deimhniú airm theine do bheith aige dho no aon chionta fé Acht san maidir le harm toirmisceithe i ngach cás pe'ca roimh an Airtíogal so do chur isteach sa Bhunreacht so no dá éis sin do rinneadh é no roimh ailt 4 go 34 den Airtíogal so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin.

4. Clú-mhilleadh scríbhthe ceannairceach pe'ca roimh an Airtíogal so do chur isteach sa Bhunreacht so no dá éis sin do rinneadh é no roimh ailt 4 go 34 den Airtíogal so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin.

5. Cionta fé aon alt den Airtíogal so.

6. Aon chionta atá luaidhte go speisialta san Airtíogal so mar chionta is intrialta ag an mBínse.

7. Cionta ar bith (pe'ca roimh an Airtíogal so do chur isteach sa Bhunreacht so no dá éis sin do rinneadh é no roimh ailt 4 go 34 den Airtíogal so do theacht i bhfeidhm no dá éis sin) go ndeimhneoidh Aire den Ard-Chomhairle 'na thaobh i scríbhinn fé n-a láimh go ndearnadh an gníomh is abhar don chionta san, chó fada le n-a thuairim, chun cosc no bac do chur leis an ngléas rialúcháin no le riaradh chirt.

Airtogal 3.

Saoránach de Shaorstát Eireann iseadh gach duine idir fireann agus buineann ar a bhfuil buan-chomhnuí i líomatáiste údaráis Shaorstáit Eireann le linn an Bhunreachtá so do theacht i bhfeidhm agus gur in Eirinn do rugadh é féin no a athair no a mháthair no ar a raibh gnáth-chomhnuí i líomatáiste údaráis Shaorstáit Eireann ar feadh seacht mblian ar a luighead, agus beidh aige na príbhleídí agus tuitfidh air na hoibleagáidí a ghabhann leis an saoránacht san : Ar choiníoll go bhféadfaidh aon duine atá 'na shaoránach de Stát eile a bhreith de rogha gan an tsaoránacht a tugtar leis seo dho do ghlaca ; agus socrófar le dlí na coiníollacha a rialóidh feasta saoránacht Shaorstáit Eireann d'fháil agus do chríochnú.

Airtogal 4.

Sí an Ghaedhilig teanga Náisiúnta Shaorstáit Eireann, ach có-aithneofar an Béarla mar theanga oifigiúil. Ní choiscfidh éinní san Airtogal so ar an Oireachtas forálacha speisialta do dhéanamh do cheanntair no do líomatáistí ná fuil ach teanga amháin i ngnáth-úsáid ionta.

Airtogal 5.

Ní bronnfar ar aon tsaoránach de Shaorstát Eireann aon teideal onóra i dtaobh aon tseirbhísí do thabhairt uaidh i Saorstát Eireann no 'na thaobh ach le cead no ar mhola Ard-Chomhairle an Stáit.

Airtogal 6.

Is slán saoirse an duine, agus ní bainfeair a shaoirse d'aon duine ach do réir na dlí. Ar aon duine do dhéanamh ghearáin no ar ghearán do dhéanamh ar a shon go bhfuiltear á chimeád go nea-dhleathach, fiosróidh an Ard-Chúirt agus aon bhreitheamh agus gach breitheamh di an gearán san láithreach agus

féadfaid ordú do dhéanamh á chur d'fhiachaibh ar an nduine atá ag cimeád an duine sin corp an duine atá i gcimeád do thabhairt i láthair na Cúirte no an bhreithimh gan mhoill agus deimhniú do dhéanamh i scríbhinn i dtaobh cúise a chimeáidtha agus órdóidh an Chúirt no an breitheamh san an duine sin do sgaoile ansan mara mbeifear sásta go bhfuiltear á chimeád do réir na dlí: Ar choiníoll, ámh, le linn chogaidh no rebiliúntachta armtha ná gairmfear éinní dá bhfuil san Airtíogal so chun aon ghníomh dá ndéanfaidh fórsaí airm Shaorstáit Eireann do chosc, do smachtú ná do thoirmeasc.

Airtíogal 7.

Is slán do gach saoránach a árus comhnuithe agus ní raghfair isteach ann le fóirneart ach do réir dlí.

Airtíogal 8.

Is slán do gach saoránach saoirse choinsiais agus saor-chleachta agus admháil phuiblí chreidimh, ach gan dochar don rialtacht ná don mhoráltacht phuiblí, agus ní déanfar aon dlí go díreach ná go mí-dhíreach chun maoin do bhronna ar aon chreideamh, ná chun cosc ná teora do chur le saor-chleachta aon chreidimh, ná chun aon bhontáiste do thabhairt do dhuine ná aon mhí-ábaltacht do chur air mar gheall ar a thuairim ná a chéim i gcúrsaí creidimh, ná baint go díobhálach ó cheart aon leinbh dul chun scoile atá ag fáil airgid phuiblí i dtaobh gan é bheith láithreach ag an dteagasc chreidimh sa scoil sin, ná chun aon deifríocht do dhéanamh i dtaobh cabhrach Stáit idir scoileanna atá fé bhainisteoireacht lucht chreidimh dheifriúla, ná chun aon chuid dá maoin do thógaint ó aon lucht creidimh ná ó aon fhundúireacht oideachais ach amháin chun bóithre, bóithre iarainn, oibreacha soluis, uisce no draeneála, no chun oibreacha eile d'úsáid phuiblí, agus ar chúiteamh do dhíol.

Airtiagal 9.

Is slán ceart oipineon do chur in úil gan chosc agus ceart teacht le chéile go síochánta gan airm, agus ceart cumainn no aontaisí do bhunú ar aon toisg ná fuil i gcoinne mhoráltacht phuiblí. Na dlithe a rialóidh an tslí 'na bhféadfar ceart cumainn do bhunú agus ceart saor-theacht le chéile do chur i bhfeidhm, ní dhéanfaid aon leithreachas i dtaobh polaitíochta ná creidimh ná aicme.

Airtiagal 10.

Tá de cheart ag gach saoránach de Shaorstát Eireann bun-oideachas d'fháil in aisce.

Airtiagal 11.

Gach talamh agus uisce, gach mianach agus minearál, laistigh de chrích Shaorstáit Eireann dá raibh go dtí so i seilbh an Stáit, no i seilbh aon roinne dhe, no do bhí á chimeád chun úsáide no tairbhe puiblí, agus fós gach maoin nádúrtha den chrích chéanna (mar aon leis an aer agus le gach abhar gníomh-chomhachta) agus fós gach rí-chíos agus reacht-shaoirse laistigh den chrích sin, is le Saorstát Eireann iad ó dháta an Bhunreachta so do theacht i bhfeidhm, gan dochar d'aon mhuinghineachas, bronntas, léas, ná cead 'na dtaobh do bhí an uair sin ann, no d'aon cheart dlisteanach príobháideach 'na leith, agus smachtóidh agus riarfaidh an t-Oireachtas iad, do réir pé rialacha agus forálacha a ceadófar le reachtúchán ó am go ham, ach ní aistrefar a seilbh sin ná seilbh aon choda acu, ach féadfar chun an leasa phuiblí iad do leigeant amach ó am go ham ar léas no ar chead, chun iad d'oibriú no a dtairbhe d'fháil, fé údarás agus do réir smachta an Oireachtais: Ar choiníoll ná féadfar aon léas ná aon chead den tsórt san do dhéanamh ar théarma a raghaidh thar naoi mbliana déag is cheithre fichid ó dháta a dhéanta, agus ná féadfar de bhri a théarmaí féin aon léas ná aon chead den tsórt san d'athnuachtaint.

Airteogal 12.

Bunúitear leis seo Cóir Reachtúcháin dá ngeifear an t-Oireachtas. Beidh ann Tigh amháin, Dáil Eireann. Is ag an Oireachtas amháin a bheidh an t-aon-chomhacht chun dlithe i dtaobh síochána, rialtacha agus deáriartha Shaorstáit Eireann do dhéanamh.

Airteogal 13.

Suidhfidh an t-Oireachtas i gcathair Bhaile Atha Cliath no 'na haice no i pé áit eile a shocróidh sé ó am go ham.

Airteogal 14.

Beidh de cheart ag gach saoránach de Shaorstát Eireann idir fireann agus buineann go mbeidh aois bhliana is fiche slán aige agus a chó-líonfaidh forálacha dlithe toghacháin na haimsire, vótáil le teachtaí de Dháil Eireann, agus páirt do thógaint sa Referendum. Ní chaithfidh aon vótálaí níos mó ná aon vóta amháin i dtoghachán do Dháil Eireann agus is le ballóid shicréideach a déanfar an vótáil. Socrófar le dlí an chuma agus an áit 'na mbainfeadh feidhm as an gceart so.

Airteogal 15.

Gach saoránach go mbeidh aois bhliana is fiche slán aige, agus ná beidh curtha fé mhí-ábaltacht ná fé mhíchumas ag an mBunreacht ná ag an ndlí beidh sé iontoghtha chun bheith 'na theachta de Dháil Eireann.

Airteogal 16.

Sciosta.

Airteogal 17.

Sciosta.

Airtíogal 18.

Beidh de phríbhléid ag gach ball den Oireachtas, ach amháin i gcás tréasúin, feleontachta no brise síochána, go mbeidh sé saor ó thógaint le linn do bheith ag dul chun Dáil Eireann no ag teacht uaithe, no le linn do bheith fé ia Dháil Eireann, agus ní féadfar aon aicsean ná aon imeachta in aon Chúirt ach i nDáil Eireann féin do thabhairt ina choinne i dtaobh éinní dá ndéarfa sé i nDáil Eireann.

Airtíogal 19.

Beidh gach tuairisc agus foillsiúchán oifigiúil den Oireachtas no de Dháil Eireann fé phríbhléid agus beidh gach ní adéarf ar i nDáil Eireann fé phríbhléid is cuma cá bhfoillseofar é.

Airtíogal 20.

Déanfaidh Dáil Eireann a rialacha agus a Buan-Orduithe féin agus beidh de chomhacht aici pionós do chur i bhfeidhm i dtaobh a mbriste agus beidh de chomhacht aici saoirse dhíospóireachta do chur in áirithe, a scríbhinní oifigiúla agus páipéirí príobháideacha a ball do chosaint agus i féin agus a baill do chosaint ar aon duine no daoine a bhainfidh le n-a baill no a chuirfidh isteach ortha no a thabharfaidh fé iad do bhreaba le linn dóibh a ndualgaisí do chó-lóna.

Airtíogal 21.

Déanfaidh Dáil Eireann a Ceann Comhairle agus a Leas-Cheann Comhairle féin do cheapa agus a gcomhachta, a ndualgaisí, a luach saothair, agus a dtéarmaí oifige do leaga amach.

An ball san de Dháil Eireann is Ceann Comhairle ar Dháil Eireann díreach roimh an Oireachtas do scur tuigfar, gan aon togha achtúil do dhéanamh, agus fé bhun é a chraola do Dháil Eireann roimh an scur san nách mian leis leanúint de bheith ina bhall de Dháil Eireann, tuigfar é do bheith tofa do réir an Bhunreachta so sa chéad thoghachán gheanála ina dhiaidh sin mar bhall de

Dháil Eireann don dáilcheanantar dar bhall é díreach roimh an scur san no, i gcás aith-bhreithniú do bheith déanta ar dháilcheanantar, don dáilcheanantar aith-bhreithnithe do fógrúodh ar na n-aith-bhreithniú san do bheith ar aon dul leis an dáilcheanantar san do céad-luaidheadh. Pé uair a tuigfar duine ba Cheann Comhairle ar Dháil Eireann do bheith tofa amhlaidh i dtoghachán ghenerálta mar bhall do dháilcheanantar is lú de bhall an líon ball a bheidh le togha go hachtúil don dáilcheanantar san sa toghachán ghenerálta san ná mar ba riachtanach do thogha don dáilcheanantar san in aon chás eile.

Airtiogal 22.

Socrófar gach ceist i nDáil Eireann, ach amháin mar a bhfuil a mhairt de shocrú sa Bhunreacht so, le mór-áireamh de vótanna na mball atá láithreach, lasmuich den Cheann Chomhairle no den bhall atá i gceannas, ag a mbeidh vóta réitigh agus ar a mbeidh é chaitheamh má's ionann vótanna an dá thaobh. Socróidh Buan-Orduithe Dháil Eireann an mó ball a dhéanfaidh cruinniú dlathach de Dháil Eireann chun a comhachta do chur i bhfeidhm.

Airtiogal 23.

Déanfaidh an t-Oireachtas soláthar chun a bhail do dhíol agus féadfaidh sé fós saor-thaisteal do sholáthar dóibh in aon pháirt d'Eirinn.

Airtiogal 24.

Tionólfaidh an t-Oireachtas siosón amháin ar a luighead gach bliain. Déanfaidh Ceann Comhairle Dháil Eireann ar ordú i scríbhinn ón Ard-Chomhairle fé lámh Uachtaráin na hArd-Chomhairle an t-Oireachtas do ghairm agus do sgur agus ar na hachtaibh sin ceapfaidh Dáil Eireann dáta aith-thionóil an Oireachtais.

Airtiogal 25.

Beidh suidheanna Dháil Eireann go puiblí. Ar ócáidí de riachtanas speisialta féadfaidh Dáil Eireann suidhe príobháideach do bheith aici ach dhá dtrian na mball a bheidh láithreach do thoiliú leis.

Airtíogal 26.

Beidh i nDáil Eireann teachtaí agus iad ag ionadú dáilcheanantar a socrófar le dlí. Socróidh an t-Oireachtas uimhir na dteachtaí ó am go ham, ach ní socrófar lán-uimhir theachtaí Dháil Eireann fé bhun teachta in agha gach deich míle fichead den líon tíre, ná os cionn teachta in agha gach fiche míle den líon tíre: Ar choinnoll gurb é an cothrom céanna, chó fada agus is féidir, a bheidh ar fuaid na tíre idir uimhir na dteachtaí a bheidh le togha aon uair do gach dáilcheanantar agus líon tíre gach dáilcheanntair, ar n-a fháil sin amach sa chomhaireamh deireanach roimhe sin. Is do réir Ionadúochta Cothromúla a toghfar na teachtaí. Déanfaidh an t-Oireachtas ath-chóiriú ar na dáilcheanntair uair amháin gach deich mbliana ar a luighead, gan sóinseáil in áireamh áitiúil an lín tíre do dhearmhad, ach ní thiocfaidh aon atharú sna dáilcheanntair i bhfeidhm i rith téarma na Dála a bheidh ann le linn a leithéid d'ath-chóiriú do dhéanamh.

Airtíogal 27.

Scríosta.

Airtíogal 28.

Le linn Toghacháin Ghenearála do Dháil Eireann déanfar an vótáil ar an lá céanna ar fuaid na tíre, agus ní bheidh an lá san thar deich lá fichead tar éis dáta an sgurtha. Tiocfaidh Dáil Eireann le chéile fé cheann mí ón lá san, agus, mara sguirfear níos túisce í, leanfa sí ar feadh sé mblian, no pé tréimhse níos giorra ná san a ceapfar le reachtúchán, ó dháta a céad chruinnithe, agus ní leanfa sí níos sia ná san. Ní féadfar Dáil Eireann do sgur aon uair ach ar chomhairle na hArd-Chomhairle.

Airtíogal 29.

I gcás teachta de Dháil Eireann d'fháil bháis, do thabhairt suas no do theacht fé mhí-cháilíocht, líonfar an follambhantas le togha ar chuma a socrófar le dlí.

Airtíogal 30.*Scriosta.***Airtíogal 31.***Scriosta.***Airtíogal 31a.***Scriosta.***Airtíogal 32.***Scriosta.***Airtíogal 32a.***Scriosta.***Airtíogal 32b.***Scriosta.***Airtíogal 33.***Scriosta.***Airtíogal 34.***Scriosta.***Airtíogal 35.***Scriosta.***Airtíogal 36.**

Breithneoidh Dáil Eireann, chó luath agus is féidir tar éis tosnuithe gach bliana airgid, meastacháin fháltais agus chaiteachais Shaorstáit Eireann i gcóir na bliana san, agus, ach sa méid go ndéanfaí achtú sonrách 'na thaobh i ngach cás, achtófar fé cheann na bliana an reachtúchán is gá chun Rúin Airgid gach bliana d'fheidhmiú.

Airtíogal 37.

Ní cuirfear airgead i leithreas le vóta, le rún ná le dlí, mara ndéanfar sa tsíósón céanna intinn a churtha i leithreas do mhola trí theachtaireacht ón Ard-Chomhairle agus í fé láimh Uachtarán na hArd-Chomhairle.

Airtíogal 38.

Scríosta.

Airtíogal 38a.

Scríosta.

Airtíogal 39.

Scríosta.

Airtíogal 40.

Scríosta.

Airtíogal 41.

Chó luath agus a bheidh aon Bhille rithte ag Dáil Eireann, síghneoidh Ceann Comhairle Dháil Eireann an Bille sin agus tiocfaidh an céanna chun bheith agus beidh sé ina dhlí ar dháta agus o dháta an tsíghnithe sin.

Airtíogal 42.

Chó luath agus féadfar tar éis d'aon dlí bheith síghnithe ag Ceann Comhairle Dháil Eireann, cuirfidh an cléireach no pé oifigeach eile a cheapfaidh Dáil Eireann chuige sin dhá chóip chearta den dlí sin á dhéanamh, ceann aca i nGaedhilg agus an ceann eile i mBéarla (agus síghneoidh Ceann Comhairle Dháil Eireann ceann de sna cóipeanna san chun é do chur ar rolla cuimhnte in oifig an oifigh sin den Chúirt Uachtarach ar a gcinnfidh Dáil Eireann), agus beidh na cóipeanna san mar fhíneacht chríochnuithe ar fhorálacha gach dlí dá sórt agus, i gcás coinbhliocht

idir an dá chóip a cuirfear i dtaisce mar sin, sé an ceann a bheidh sionnaithe ag Ceann Comhairle Dháil Eireann a bhuaidhfídh.

Airtiogal 43.

Ní bheidh de chomhacht ag an Oireachtas a fhógairt gur brise dlí gníomhartha nár bhrise dlí iad le linn a ndéanta.

Airtiogal 44.

Féadfaidh an t-Oireachtas cóireanna íochtaracha reachtúcháin do bhunú agus pé comhachta a socrófar le dlí do thabhairt dóibh.

Airtiogal 45.

Féadfaidh an t-Oireachtas soláthar do dhéanamh chun Comhairlí Feidhme no Gairm-bheatha do bhunú a ionadóidh brainsí de bheatha chó-mhuinteartha agus chó-ionmhasach an Náisiúin. Déanfaidh an dlí le n-a mbunófar Comhairle dá sórt a comhachta, a cearta agus a dualgaisí agus an bhaint a bheidh aici le rialtas Shaorstáit Eireann do shocrú.

Airtiogal 46.

Is ag an Oireachtas amháin atá an t-aon cheart chun rialú do dhéanamh i dtaobh tógaint agus cothú na bhfórsaí armtha san i gcócha Shaorstáit Eireann atá luaidhte sa Chonnradh Sgeidealta, agus beidh gach fórsa dá shórt fé smacht an Oireachtais.

Airtiogal 47.

Scríosta.

Airtiogal 48.

Scríosta.

Airtíogal 49.

Ní cuirfear Saorstát Eireann fé oibleagáid páirt ghníomhach do thógaint in aon choga gan aontú an Oireachtais, ach amháin i gcás ionsuidhe do dhéanamh ar Eirinn.

Airtíogal 50.

Féadfaidh an t-Oireachtas leasú do dhéanamh ar an mBunreacht so ach, tar éis sé mbliain déag ó dháta an Bhunreachtas so do theacht i bhfeidhm, ní dhéanfaidh dlí de n-a leithéid de leasú, ar n-a rith ag Dáil Eireann, mara ndéanfar, tar éis do Dháil Eireann é rith, an leasú san do chur fé Referendum na ndaoine agus mara gcaithfidh mór-áireamh de sna vótáluithe ar an gclár a vótanna le linn a leithéid de Referendum, agus vótanna mór-áirimh de sna vótáluithe ar an gclár, no dhá dtrian na vótanna sa chomhaireamh, do chaitheamh i bhfabhar an leasuithe. Féadfar aon leasú dá shórt do dhéanamh laistigh den tréimhse sé mbliain déag roimh-ráite mar ghnáth-reachtúchán.

Airtíogal 51.

Beidh Comhairle ann dá ngoirfear an Ard-Chomhairle chun feidhmithe údaráis agus combachta fheidhmiúcháin Shaorstáit Eireann. Ach beidh sé dleathach don Ard-Chomhairle, sa mhéid agus fé réir aon choinníollacha cinnfear le dlí, feidhm do bhaint, chun gníomhairí dioplomáideacha agus consulta do cheapadh agus chun có-aontuithe eadarnáisiúnta do chríochnú, as aon ghléas a dheineann aon cheann de sna náisiúin dá dtagartar in Airtíogal 1 den Bhunreacht d'úsáid mar ghléas bhunreachtúil chun na grícheanna céanna. Beidh an Ard-Chomhairle freagarthach do Dháil Eireann, agus is é a líon dáréag Airí ar an gcuid is mó dhe no cúigear Airí ar an gcuid is lú dhe ar n-a gceapa sa tslí foráitar anso ina dhiaidh seo.

Airteogal 52.

Ar Airí na hArd-Chomhairle beidh Uachtarán na hArd-Chomhairle, Leas-Uachtarán na hArd-Chomhairle, agus an tAire a bheidh i gceannas na Roinne Airgid. Beidh Uachtarán na hArd-Chomhairle, Leas-Uachtarán na hArd-Chomhairle, an tAire a bheidh i gceannas na Roinne Airgid agus na baill eile den Ard-Chomhairle ina mbaill de Dháil Eireann.

Airteogal 53.

Toghfaidh Dáil Eireann Uachtarán na hArd-Chomhairle. Ainmneoidh sé sin Leas-Uachtarán den Ard-Chomhairle a ghníomhóidh chun gach críche in ionad an Uachtaráin ar an Uachtarán d'fháil bháis, do thabhairt suas no do thuitim fé mhí-chumas bhuan, go dtí go dtoghfad Uachtarán nua den Ard-Chomhairle. Gníomhóidh an Leas-Uachtarán thar ceann an Uachtaráin, leis, le linn eisean do bheith as láthair go sealadach. Isé an t-Uachtarán, le haontú Dháil Eireann, a cheapfaidh na hAirí eile atá chun bheith in oifig mar bhaill den Ard-Chomhairle, agus imeoidh an t-Uachtarán agus na hAirí a cheapfa sé as oifig má chailleann seisean tacuíocht mhór-áirimh i nDáil Eireann, ach leanfaidh an tUachtarán agus na hAirí sin ag déanamh a ndualgaisí go dtí go ndéanfar a gcomharbaí do thogha agus do cheapadh fé seach: Ar choinioll, ámh, ná sguirfean an t-Oireachtas ar ordú aon Ard-Chomhairle go mbeidh tacuíocht mhór-áirimh i nDáil Eireann cailte aici.

Airteogal 54.

Beidh an Ard-Chomhairle freagarthach in aonacht i ngach cúrsa bhaineas leis na Ranna Stáit a bheidh á riará ar Baill den Ard-Chomhairle. Ullamhóidh an Ard-Chomhairle Meastacháin d'fháltas agus de chaiteachas Shaorstáit Eireann i gcóir gach bliana airgid, agus cuirfidh ós cóir Dháil Eireann iad roimh dheire na bliana airgid roimhe sin. Tiocfaidh an Ard-Chomhairle i gceann a chéile agus gníomhóid in aonacht mar aon údarás.

Airtíogal 55.

Féadfaidh Dáil Eireann Airí ná beidh 'na mbaill den Ard-Chomhairle do cheapa ar mhola Choiste de Dháil Eireann a toghfar i slí a bheartóidh Dáil Eireann i dtreo go n-ionadóid Dáil Eireann gan leithreachas. Mara mbeidh Dáil Eireann sásta le aon mhola áirithe féadfaidh an Coiste leanúint ar ainmneacha do mhola go dtí go bhfaghfar ceann le n-a mbeifear sásta. Ní raghaidh lán-uimhir na n-Airí, agus Airí na hArd-Chomhairle d'áireamh ortha, thar dháréag.

Airtíogal 56.

Beidh gach Aire nách ball den Ard-Chomhairle 'na cheann freagarthach ar an Roinn no ar na Ranna a bheidh fé n-a chúram, agus beidh sé freagarthach uaidh féin do Dháil Eireann amháin i riara na Roinne no na Rann ar a mbeidh sé 'na cheann: Ar choiníoll, má dhineann an t-Oireachtas socrú i gcóir Comhairlí Feidhme no Gairm-bheatha, go bhféadfaidh na hAirí seo no aon duine aca, má chinneann an t-Oireachtas amhlaidh, bheith 'na mbaill de sna Comhairlí sin agus bheith molta acu do Dháil Eireann. Is é téarma oifige aon Aire, nách ball den Ard-Chomhairle, téarma na Dála a bheidh ann le linn a cheaptha, ach leanfa sé in oifig no go gceapfar a chomharba, agus is í Dáil Eireann féin amháin a chuirfidh aon Aire dá shórt as oifig le linn a théarma, agus san ar chúis a luadhfar, agus tar éis an tairisgint go gcuirfear as oifig é do chur fé bhráid Choiste, a toghfar i slí a bheartóidh Dáil Eireann, i dtreo go n-ionadófar Dáil Eireann gan leithreachas, agus tar éis don Choiste sin tuairisc do thabhairt ar an scéal.

Airtíogal 57.

Scríosta.

Airteogal 58.

Má ceaptar teachta de Dháil Eireann 'na Aire ní bheidh d'oibleagáid air a shuidheachán do thabhairt suas ná dul fé ath-thogha.

Airteogal 59.

Gheobhaidh Airí pé luach saothair a socrófar ó am go ham le dlí, ach ní luigheadófar luach saothair aon Aire i rith a théarma oifige.

Airteogal 60.

Scríosta.

Airteogal 61.

Déanfaidh ciste amháin d'fháltas uile Shaorstáit Eireann pé as é, gan dochar do pé eisceacht a socrófar le dlí, agus cuirfear i leithreas é chun úsáide Shaorstáit Eireann ar an gcuma agus fé sna muirir agus na fiachaisí ordófar le dlí.

Airteogal 62.

Ceapfaidh Dáil Eireann Ard-Sgrúdoir chun gníomhuithe ar son Shaorstáit Eireann. Smachtóidh sé d'fóluocht agus scrúdoídh cuntas gach airgid a riarfar ar ordú nó fé údarás an Oireachtais, agus tabharfa sé tuairisg uaidh do Dháil Eireann ar uairibh áirithe a socrófar le dlí.

Airteogal 63.

Ní cuirfear an t-Ard-Sgrúdoir as oifig ach mar gheall ar droch-iompar nó mí-chumas a luadhfar agus le rún do Dháil Eireann go mbeidh ceithre sheachtú ar a laighead (gan an Ceann Comhairle nó an ball i gceannas d'áireamh) de bhaill uile Dháil Eireann tar éis vótála le n-a rith. Gan dochar don bhforáil seo socrófar le dlí téarmaí agus coiníollacha sealbhuíochta a oifige. Ní bheidh sé 'na bhall den Oireachtas ná ní bheidh aon oifig ná ionad eile sochair aige. D'ainneoin éinní atá in aon Airteogal eile den Bhunreacht so ní tabharfar isteach i nDáil Eireann Bille i gcóir reachtúcháin chun an Airteogail seo do leasú.

maidir leis an rún san do rith mara ndeintear ná go dtí go ndéanfar an leasú bheidh beartuithe a dhéanamh leis an mBille sin do cheadú le rún o Dháil Eireann go mbeidh ceithre sheachtú ar a laighead (gan an Ceann Comhairle no an ball i gceannas d'áireamh) de bhail uile Dháil Eireann tar éis vótála le n-a rith.

Airtiogal 64.

Is i sna Cúirteanna puiblí a bhunóidh an t-Oireachtas a cuirfead comhacht bhreithiúntais Shaorstáit Eireann i bhfeidhm agus a riarfar ceart le breithiúin a ceapfar i slí a forálar 'na dhiaidh seo. Beidh ar na Cúirteanna so Cúirteanna Céad-Chéime agus Cúirt Aith-éisteachta Deire dá ngairmfear an Chúirt Uachtarach. Ar na Cúirteanna Céad-Chéime beidh Ard-Chúirt ag a mbeidh lán-údarás bunaidh agus comhacht chun socruithe gach cúrsa agus gach ceiste bhaineas le dlí no le ffrinne, pe'ca síbhialta no coiriúil, agus fós Cúirteanna go mbeidh a n-údarás go háitiúil agus go teoranta maille le ceart aith-éisteachta mar a cinnfead le dlí.

Airtiogal 65.

Raghaidh comhacht bhreithiúntais na hArd-Chúirte chó fada le ceist dlisteanachta aon dlí maidir le forálacha an Bhunreachta. Is í an Ard-Chúirt amháin a chuirfidh údarás bunaidh i bhfeidhm i ngach cás 'na dtiocfaidh cúrsaí den tsórt san i gceist.

Airtiogal 66.

Gan dochar do pé rialacha agus maille le pé éisceachtaí a cinnfead le dlí (lasmuich d'aon chás do thabharfadh ceist dlisteanachta aon dlí anuas) beidh údarás aith-éisteachta ag Cúirt Uachtarach Shaorstáit Eireann ar gach breith den Ard-Chúirt. Ní bheidh dul thar breith na Cúirte Uachtaraighe in aon chás, agus ní déanfar aith-bhreithniú ná ní féadfar aith-bhreithniú do dhéanamh ar an mbreith sin ag aon Chúirt, Bínse ná Udarás eile ar bith: Agus ní luighfidh aon athchomharc, i gcoinnibh breithe den Chúirt Uachtaraigh no d'aon

Chúirt eile i Saorstát Eireann, chun a Shoillse i gComhairle, agus ní bheidh sé dleathach d'éinne cead chun aon athchomhairc den tsórt san do bhunú d'achuinge ar a Shoillse.

Airtíogal 67.

Do réir na ndlithé bheidh i bhfeidhm de thurus na huaire agus do réir na rialacha a déanfar fútha iseadh bheidh uimhir na mbreithiún, bunú agus có-ghléasa agus roinnt ghnótha agus údaráis imeasg na gCúirteanna agus na mbreithiún roimhráite, agus gach ní bhaineas le nós imeachta.

Airtíogal 68.

Is é an Ard-Chomhairle cheapfaidh breithiúin na Cúirte Uachtaraighe agus na hArd-Chúirte agus na gCúirteanna eile go léir a bunófar do réir an Bhunreachta seo. Ní cuirfear breithiúin na Cúirte Uachtaraighe ná na hArd-Chúirte as oifig ach mar gheall ar mhí-iompar no mí-chumas a luadhfar, agus ansan féin le rún o Dháil Eireann go mbeidh ceithre sheachtú ar a laighead (gan an Ceann Comhairle no an ball i gceannas d'áireamh) de bhaill uile Dháil Eireann tar éis vótála le n-a rith. Socrófar le dlí aois oifige d'fhágaint, luach saothair agus pinsean a leithéidí de bhreithiúin ar oifig d'fhágaint dóibh agus na dearbhtha a thabharfaid uatha le linn a gceaptha. Ní féadfar an luach saothair sin do luigheadú an fhaid a leanfaid in oifig. Socrófar le dlí téarmaí ceaptha breithiúin aon chúirteanna eile a bunófar. D'ainneoin éinní atá in aon Airtíogal eile den Bhunreacht seo ní tabharfar isteach i nDáil Eireann Bille i gcóir reachtúcháin chun an Airtíogail seo do leasú maidir leis an rún san do rith mara ndeintear ná go dtí go ndéanfar an leasú bheidh beartuithe a dhéanamh leis an mBille sin do cheadú le rún o Dháil Eireann go mbeidh ceithre sheachtú ar a laighead (gan an Ceann Comhairle no an ball i gceannas d'áireamh) de bhaill uile Dháil Eireann tar éis vótála le n-a rith.

Airtíogal 69.

Le linn feidhmithe dhóibh beidh na breithiúin uile nea-spleách agus fé riail an Bhunreachta agus an dlí amháin. Ní bheidh breitheamh iontoghtha chun suidhe san Oireachtas, agus ní bheidh aon oifig ná ionad eile sochair aige.

Airtíogal 70.

Ní trialfar éinne ach do réir chúrsaí cuibhe na dlí, agus ní bunófar cúirteanna nea-choitianta, ach amháin pé Binsí Airm a údarófar le dlí chun lucht airm a bhrisfidh dlí airm do thriail. Ní shroichfidh údarás na mBinsí Airm chun an phobail sibhialta ná ní cuirfear i bhfeidhm ortha é ach in aimsir chogaidh no rebiliúntachta armtha agus mar gheall ar ghníomhartha a déanfar in aimsir chogaidh no rebiliúntachta armtha, agus do réir na rialacha a socrófar le dlí. Ní cuirfear an t-údarás san i bhfeidhm in aon líomatáiste 'na bhfuil na cúirteanna sfbhialta go léir oscailte no 'narbh fhéidir iad do chomóra agus ní aistreofar aon duine ó líomatáiste go chéile chun a leithéid d'údarás do chruithniú.

Airtíogal 71.

Aon duine d'fhórsaí armtha Shaorstáit Eireann ná beidh ar seirbhís chogúil ní thrialfaidh aon Chúirt Airm ná aon Bhínse eile Airm é in aon choir intrialta ag sna Cúirteanna Síbhialta mara dtabharfar an choir sin go speisialta laistigh d'údarás Chúirteanna Airm, no aon Bhínse eile Airm, le haon chórus dlithe no rialacha chun smacht airm do chur i bhfeidhm a mholfaidh an t-Oireachtas 'na dhiaidh seo.

Airtíogal 72.

Ní trialfar aon duine in aon chúis choiriúil gan choiste ach i gcás cúiseanna timpeal mion-choirthe atá intrialta le dlí i láthair Chúirt Údaráis Achmair agus i gcás cúiseanna timpeal coirthe i gcoinnibh dlí airm atá intrialta ag Cúirt Airm no Bínse eile Airm.

FORALACHA DIOMBUANA.

Airtiogal 73.

Gan dochar don Bhunreacth so agus sa mhéid ná fuilid buiniscionn leis, leanfaidh na dlithe atá i bhfeidhm i Saorstát Eireann le linn teacht i ngníomh don Bhunreacth so i lán-neart agus i lán-fheidhm go dtí go n-athghairmfear no go leasófar iad no aon cheann aca le hachtú den Oireachtas.

Airtiogal 74.

Ní dhéanfaidh éinní sa Bhunreacth so deifir d'aon fhiachas chun aon cháin no diuité do dhíol i dtaobh na bliana airgid ag rith le linn dáta an Bhunreactha so do theacht i bhfeidhm, ná i dtaobh aon bhliana airgid roimhe sin, ná i dtaobh aon tréimhse a chríochnóidh ar an lá deireannach den bhliain airgid reatha roimhráite no roimhe, ná i dtaobh aon ócáide laistigh den bhliain sin no d'aon bhliain roimhe sin, ná fós aon deifir do mhéid a leithéid d'fhiachas; agus i gcaitheamh na bliana airgid reatha roimhráite leanfar de gach cáin agus diuité agus gach riaráiste den bhfiachas san do ghearra agus do leaga agus do bhailiú ar an gcuma cheanan chéanna do dintí é díreach roimh an mBunreacth so do theacht i bhfeidhm, agus déanfar an cóiriú céanna do dintí roimhe seo ar an méid a baileofar; agus chun na críche sin beidh na comhachta céanna ag an Ard-Chomhairle do bhí ag an Rialtas Sealadach agus beidh sí freagarthach sa tsli chéanna 'na raibh an Rialtas san.

Earraí a beirtear i gcaitheamh na bliana airgid reatha roimhráite ó Shaorstát Eireann go dtí aon pháirt den Bhreatain Mhóir no d'Oileán Mhanainn, no a tugtar ó aon pháirt den Bhreatain Mhóir no d'Oileán Mhanainn go dtí Saorstát Eireann, ní áireofar iad mar earraí amach no isteach do réir mar bheidh, ach sa mhéid go n-órdóidh an Ard-Chomhairle a mhalairt i dtaobh na bhfuirmeacha a bheidh le húsáid agus an eolais a bheidh le tabhairt na dtaobh.

Chun críche an Airtíogail seo, ciallúfonn an focal " bliain airgid " maidir le cáin ioncuim (mar aon le barra-cháin) bliain a gearrtha, agus maidir le cánacha agus diuitéthe eile, an bhliain a chríochnúfonn ar an t-aonú lá déag ar fhichid de Mhárta.

Airtíogal 75.

Go dtí go mbunófar Cúirteanna do Shaorstát Éireann do réir an Bhunreachta so, leanfaidh an Chúirt Uachtarach Udaráis, na Cúirteanna Contae, na Cúirteanna Ceathrú Shiosóin agus na Cúirteanna Udaráis Achmair, mar atáid anois, don údarás céanna do chur i bhfeidhm de thurus na huaire mar a dhinidís go dtí so, agus aon bhreitheamh no giúistís, atá 'na bhall d'aon Chúirt dá sórt, agus atá in oifig le linn an Bhunreachta so do theacht i bhfeidhm, leanfa sé de thurus na huaire ar bheith 'na bhall di, agus fanfa sé in oifig do réir na seilbhe céanna agus ar na téarmaí céanna do bhí aige go dtí so, ach i gcás breithimh den Chúirt Uachtarach roimhráite no de Chúirt Chontae, mara gcuirfidh sé in úil d'Ionadaí na Coróinneach gur mian leis tabhairt suas. Féadfar aon fholamhantas in aon cheann de sna Cúirteanna roimhráite ar a leanfar amhlaidh do líona le ceapa a déanfar sa tslí chéanna a ceapfar breithiúin sna Cúirteanna atá á bhunú fén mBunrecht so: Ar choinfoll go mbainfidh forálacha Airtíogail 66 den Bhunrecht so i dtaobh breitheanna den Chúirt Uachtarach a bunófar fén mBunrecht so le breitheanna Cúirte na hAith-éisteachta ar a leanfar do réir an Airtíogail seo.

Airtíogal 76.

Má bhíonn aon bhreitheamh den Chúirt Uachtarach Udaráis roimhráite no d'aon cheann de sna Cúirteanna Contae roimhráite le linn Cúirteanna do bhunú fén mBunrecht so, ná ceaptar le n-a thoil féin chun bheith 'na bhreitheamh d'aon Chúirt dá sórt, déanfar leis, chun críche Airtíogail 10 den Chonradh Sgeidealta, i leith is gur fhág sé oifig toisc an atharuithe Rialtais do tháinig

i bhfeidhm de dheasgaibh an Chonnartha roimhraithe ach beidh gach ceart a bronnfar amhlaidh gan dochar d'aon cheart ná éileamh a bheadh aige i gcoinnibh Rialtais na Breataine.

Airtíogal 77.

Gach oifigeach den Rialtas Sealadach atá ann le linn an Bhunreachtá so do theacht i bhfeidhm (agus nách oifigeach é gur thug Rialtas na Breataine a sheirbhísí ar iasacht don Rialtas Sealadach) aistrefar é ar an ndáta san agus déanfaidh de oifigeach de Shaorstát Eireann, agus beidh aige seilbh oifige a bheidh ar có-réir leis an seilbh oifige do bhí aige cheana.

Airtíogal 78.

Gach oifigeach den tsórt san ann do haistríodh ó Rialtas na Breataine de bhrí aon aistriú seirbhísí chun an Rialtais Shealadaigh beidh sé i dteideal tairbhe Airtíogail 10 den Chonradh Sgeidealta d'fháil.

Airtíogal 79.

Aon tseirbhís phuibli nár aistríodh a riará go dtí an Rialtas Sealadach roimh dháta an Bhunreachtá so do theacht i bhfeidhm, cuirfear aistriú a riartha siar go dtí an 31adh lá de Mhárta, 1923, no go dtí dáta is luaithe ná san ar a gcinnfidh an Ard-Chomhairle tar éis fógra mí do thabhairt roimh ré san Iris Oifigiúil; agus an méid sin de sna hoifigigh ag obair i riará na seirbhísí sin ar dháta an aistrithe ar a gcinnfear sa tsli atá luaidhte 'na dhiaidh seo, aistrefar iad agus déanfaidh dfobh oifigigh de Shaorstát Eireann; agus beidh d'fheidhm ag Airtíogal 77 den Bhunreacht so 'na dtaobh i leith is gur oifigigh den Rialtas Sealadach do haistríodh chun an Rialtais sin ó Rialtas na Breataine na hoifigigh sin. Cinnfear ar na hoifigigh a bheidh le haistriú amhlaidh i dtaobh aon tseirbhísí sa tsli chéanna i leith is go raibh riará na seirbhísí aistrithe chun an Rialtais Shealadaigh roimh an mBunreacht so do theacht i bhfeidhm.

Airtíogal 80.

Maidir le maoin, earraí, cearta agus fiachaisí bhaineas le ranna Rialtais, tuigfear gurb iad Rialtas Shaorstáit Éireann comharbaí an Rialtais Shealadaigh, agus sa mhéid go ndéanfaidh feidhmeanna de Rialtas Shaorstáit Éireann d'fheidhmeanna aon roinne de Rialtas na Breataine, tuigfear gurb iad Rialtas Shaorstáit Éireann comharbaí na roinne sin de Rialtas na Breataine.

Airtíogal 81.

Tar éis dáta an Bhunreachtá so do theacht i bhfeidhm féadfaidh Tigh na Párliminte, do toghadh do réir an Achta um Shaorstát Éireann (Socrú), 1922 (gurb í an dáil bhunaidh í chun an Bunreacht so do shocrú) na combachta agus na húdaráis uile a thugann an Bunreacht so do Dháil Éireann do chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse ná raghaidh thar bliain ón ndáta san, ach chuige sin go mbeidh ar theachtaí na Párliminte sin forálacha Airtíogail 17 den Bhunreacht so do chóilona agus déanfar an chéad toghachán do Dháil Éireann fé Airtíogail 26, 27, agus 28 de seo chó luath agus is féidir tar éis deire na tréimhse sin.

Airtíogal 82.

Scríosta.

Airtíogal 83.

Fógrófar chó luath agus is féidir, agus ar an séú lá de Mhí na Nodlag, Naoi gcéad déag agus a dó fichead, an tráth is déanaí dhe, le Furógra ó n-a Shoillse, gur rith agus gur ghlac an Dáil Bhunaidh agus Párlimint na Breataine an Bunreacht so agus tiocfaidh an Bunreacht sc i bhfeidhm ar fhoillsiú an Fhurógra san.

DARA SCEIDEAL.

CONNRADH 1921.

Airtíogail Chó-aontuithe do Chonnradh idir an Bhreatain Mhóir agus Éire.

Feic leathanaigh 70 go 78 ante.

Achtanna an Chonnartha (Daingniú ar Chó-Aontuithe).

1. ACHT AN CHONNARTHA (DAINGNIÚ AR AN gCÓ-AONTÚ
FÓIRLÍONTACH), 1924.
2. ACHT AN CHONNARTHA (DAINGNIÚ AR AN gCÓ-AONTÚ
LEASATHACH), 1925.

SAORSTÁT EIREANN.

Uimhir 51 de 1924.

ACHT AN CHONNARThA (DAINGNIU AR AN gCÓ-AONTU FOIRLIONTACH), 1924.

ACHT CHUN DAINGNIU DO DHEANAMH AR CHO-AONTU AIRITHE LE N-A bhFOIRLIONTAR AIRTIOGAL 12 DE CHONNRA 1921. [25adh *Deire Fomhair*, 1924.]

ACHTUIGHEADH OIREACHTAS SHAORSTÁIT EIREANN MAR LEANAS:—

Daingniú ar an gCó-aontú.

1.—Daingnítear leis seo an Có-aontú atá sa Sceideal a ghabhann leis an Acht so, eadhon, có-aontú le n-a bhfóirlíontar Airtíogal 12 de Chonnra 1921, agus beidh éifeacht dá réir sin ag Connra san 1921.

Gearr-theideal agus tosach feidhme.

2.—(1) Féadfar Acht an Chonnartha (Daingniú ar an gCó-aontú Fóirlíontach), 1924, do ghairm den Acht so.

(2) Tiocfidh an tAcht so i ngníomh láithreach tar éis a riththe.

SCEIDEAL.

Có-aontú le n-a bhfóirlíontar Airtíogal a Dó-Dhéag de sna hAirtíogail Chó-aontuithe do Chonnra idir an Bhreatain Mhóir agus Eire dar tugadh feidhm dlí leis an *Irish Free State (Agreement) Act, 1922*, agus leis an Acht um Bunreacht Shaorstáit Eireann, 1922.

ACHT AN CHONNARTHA (DAINGNIÚ AR 143
AN GCÓ-AONTÚ FÓIRLÍONTACH), 1924.

DE BHRI, na Coimisinéirí a bhí le ceapa fén Airtíogal san a Dó-Dhéag ag Rialtas Shaorstáit Éireann agus ag an Rialtas Briotáineach fé seach, go bhfuilid ceaptha go cuibhe ag na Rialtaisí sin fé seach, ach, go bhfuil diúltuithe ag Rialtas Tuaiscirt Éireann don Choimisinéir do cheapa a bhí le ceapa amhlaidh ag an Rialtas san, agus ná fuil aon fhoráil sna hAirtíogail sin i gcóir a leithéid de theagmhas :

ANOIS có-aontútear leis seo, fé réir an Pháirlimint Bhriotáineach agus Oireachtas Shaorstáit Éireann do dhaingniú an Chó-aontuithe seo, mara ndinidh Rialtas Tuaiscirt Éireann an Coimisinéir atá le ceapa amhlaidh ag an Rialtas san do cheapa roimh dháta rithe Achta na Páirliminte Briotáinighe no Acht Oireachtais Shaorstáit Éireann chun an Có-aontú so do dhaingniú, pe'ca dáta aca is déanaí, go n-aistrefar láithreach chun an Rialtais Bhriotáinighe, agus go bhfeidhmeoidh an Rialtas san láithreach, an chomhacht atá ag Rialtas Tuaiscirt Éireann chun an Coimisinéir sin do cheapa agus, chun crícheanna an Airtíogail sin, go dtuigfar gur Coimisinéir a cheap Rialtas Tuaiscirt Éireann aon Choimisinéir a cheapfidh an Rialtas Briotáineach amhlaidh agus go mbeidh éifeacht dá réir sin ag na hAirtíogail Chó-aontuithe sin do Chonnra.

Sighnithe thar ceann an
Rialtais Bhriotáinighe :

Sighnithe thar ceann
Rialtais Shaorstáit
Éireann :

J. RAMSAY MACDONALD.
Lúnasa 4, 1924.

LIAM T. MAC COSGAIR.

WOOD PRINTING WORKS, LTD.,
STAFFORD STREET,
DUBLIN.

Houses of the Oireachtas

Houses of the Oireachtas

Houses of the Oireachtas